

Comhairle Contae Chorcaí



Treorlínte don foirm Iarratas Pleanála

Úsáidfeá an cáipéis seo mar leabharán miniúcháin don foirm Iarratas Pleanála, an Comhairle Contae Chorcaí. Tugann sé sonraí faoi na liníochtaí agus cáipeisí atá á teastáil chun iarratas a dheanamh agus freisin tugann sé teoracha chun gur féidir leat fógraí suíomh, fógraí nuachtáin, agus taifead na structúr feirme a líonadh. Téann gach nóta ar an leabharán seo díreach leis an ceist leis an uimhir comh-freagrachas ar an foirm. Ta alán eolas le fáil ó na treorlíntí seo, agus freagraíonn siad alán ceisteanna, ach má tá aon cheist agat, nó deacracht agat leis na foirmeacha is féidir leat glaoch a cur orainn san rannóg i gcóir cabhar no soléiriú

Más teach nó dho, sineadh/leathnú teach, garáiste tís, oifig báile, nó forbairt mar sin atá beartaithe agat, ba chóir duit na liníochtaí agus pleananna a cuir isteach ar páipéar A4 nó A3 ar a mhéad más féidir. Coimeádann sé sin an costas chóip síos duinn san comhairle, agus don phobail freisin.

Nuair atá an foirm líonta isteach agat, agus tú cinnte go bhfuil se líonta ina h-iomlán, cinntigh go bhfuil an táille ceart, na liníochtaí agus pleananna ceart 7rl go léir san áireamh, ansin líon isteach an liosta séiceála ar leathnach a Trí (3) ar an foirm.

Tabhair san aird go mbeadh an comhairle ag foilsíú na h-iarratais pleanála ar an idirlíon www.corkcoco.ie ó 05/09/2011. De réir riachtanais na reachtaíochta um Chosaint Sonraí, beidh sonraí teagmhála na n-iarratasóirí agus dá ngníomhairí a choinneáil faoi rún. ***Tabhair faoi deara freisin go mbainfear Alt 1 den foirm (na Sonraí Teagmhála faoi rún), agus ní bheidh sé curtha ar fáil don pobail i gcóir iniúcadh poiblí***

Príobháideachais agus Cosaint Sonraí:

Bailíonn Comhairle Contae Chorcaí faisnéis phearsanta chun go bhféadfaidh an tÚdarás Pleanála d'iarratas ar chead pleanála a phróiseáil. Go dlíthiúil is féidir leis an Údarás Pleanála an fhaisnéis seo a phróiseáil de réir mar a fhaightear é le do thoiliú agus tá sé riachtanach chun oibleagáidí reachtúla / dlí a chomhlíonadh.

Is príomhthosaíocht é leis an Chomhairle do sonraí pearsanta a chosaint agus próiseálfar do shonraí de réir Pholasaí Príobháideachais na Comhairle atá ar fáil ag <https://www.corkcoco.ie/privacy-statement-cork-county-council> nó i gcló crua ó aon oifig san gComhairle.

Má tá aon cheist agat faoi Pholasaí Príobháideachais na Comhairle nó an fhaisnéis a shealbhóidh Comhairle Contae Chorcaí fút, téigh i dteagmháil leis an gComhairle trí ríomhphost chuig dpo@corkcoco.ie nó scríobh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruachain, Corcaigh, Éire.

Is próiseais oscailte agus poiblí e an próiseas pleanála .

[San Comhtéacs sin beidh gach iarratas pleanála agus na cáipéisí tacaíochta i steannta leo le fáil don pobail le feiceáil ar-líne, nó in oifigí an Údarás Pleanála](#)

Foilsíonn an Údarás Pleanála liosta gach seachtain de na hiarratais pleanála atá faighte , comh maith le liosta do na gcinntí pleanála. Téann na liostaí sin ar suíomh greasáin na gComhairle de réir polaisí an Údarás Pleanála.

(An english version of this document is available at the Planning public counter and on the Council's website)

Ní mór **6 chóip** den foirm, a bheidh comhlánaithe go cuí, a lóisteáil san Oifig Pleanála atá cuí, agus iad seo a leanas a bheith isteach leo:-

[1] **Sceideal**

Ta sceideal dos na liníochtaí, pleananna, learscáileanna le na ainmneacha/uimhireacha san áireamh a teastáil

[2] **Learscáileanna don suíomh**

6 chóip a bheidh priontáilte go soiléir de

- (a) Learscáil do scála 6’’ le 1 míle nó 1:10,560, an saghas is lú A4, agus
- (b) Learscáil do scála 25’’ nó 1:2500, an saghas is lú A3

Ba choir go mbeadh an stampa oifigiúil don Suirbhéireachta Ordanáis na hEireann iontu.

Ba chóir go mbeidís seo bunaithe ar nó tógtha as Bunbhileog Suirbhéireachta Ordanáis agus go mbeadh léiriú iontu ar na nithe seo a leanas:-

- a) **Uimhir Bhileog Ordanáis Cuí**
- b) **Baile Fearainn**
- c) **Sonraí ar ghnéithe sa chomharsanacht** trína n-aithnítear an suíomh m.sh. foirgnimh, crosbhóithre, teorainneacha páirceanna, sainchomharthaí tíre, fad ó bhailte agus sráidbhailte in aice láimhe rle.
- d) Feiceáil shoiléir, **trí iad a bheith marcáilte nó daite le dath dearg**, a bheith ar an talamh nó struchtúr lena mbaineann an t-iarratas agus ar a dtéorainneacha
- e) Aon **talamh atá ceangailte, in aice nó ag síneadh leis** an talamh atá le forbairt agus atá faoi smacht an iarratasóra nó an duine atá in úinéireacht na talún faoi iarratas, a bheith **imlínithe le dath gorm**
- f) Na **ceada slí le dath buí**.
- g) **Na Teorainneacha agus iad díreach** mar a chéile leo siúd atá léirithe sa phlean den leagan amach
- h) **An áit ina bhfuil an Fhógra Suíomh/na bhFógraí Suíomh crocadh** marcáilte le “X” (Féach nótaí maidir le: suíomh an Fhógra Suíomh – leathanach 3)

Is feidir ‘pacáiste pleanáil’ a ceannach ó Seirbhísí Learscáil Naisiúnta’ Ba chóir go mbeadh 6 chóip don leirscáil 6’’ agus an leirscáil 25’’ iniata agus tá siad siúd a teastáil mar pairt den iarratas pleanála. Ta Seirbhísí Learscáil Naisiúnta lonnaithe ag Aonad 7, Pairc Gnó an Cuarbothar ó Dheas, An Bothar Chionn tSaile, Chorcaí (gar do Smyths Toy Store). Is feidir teagmháil leo trí guthán ag: 021-4966888, Riomhphost: info@nationalmapservices.ie nó ar líne: www.nationalmapservices.ie má ta níos mó eolas á lorg agat faoi na seirbhísí dean teagmháil leo go díreach (mar shampla- táilli, uaireanta oscailte 7rl)

[3] **Plean de leagan amach an suíomh**

6 chóip de leagan amach, priontáilte go soiléir ar scála méadrach a bheidh mínithe agus nach mbeidh níos lú ná 1/500 ag taispeáint na ngnéithe uilig atá beartaithe ar an suíomh agus ag léiriú na nithe seo a leanas:-

- a) **Teorainneacha an suíomh** léirithe le dath dearg
- b) Caithfear **foirgnimh**, bóithre, teorainneacha, dabhach séarachais agus áiteanna síothlúcháin, tobair thollta, ballaí suntasacha crann agus gnéithe eile atá **ar, in aice nó i gcomharsanacht** na talún nó an struchtúir a léiriú.
- c) Ní mór **leibhéil nó comhriain**, nuair is cuí, den talamh agus de na struchtúir bheartaithe a bhaineann le Tagra Suirbhé Ordanáis nó le tagarmharcáil áitiúil sealadach a léiriú, **cibé acu is oiriúnaí**.
- d) Ní mór an **Pointe ó Thuaidh** a léiriú
- e) **Fad** an struchtúir ó teorainneacha an suíomh **a léiriú**
- f) **Teorainneacha** a bheith díreach mar a chéile leo siúd atá léirithe ar learscáil an tsuíomh

[4] Sonraí ar Chóireáil Eisilteach

Nuair atá sé beartaithe fáil réidh le fuíolluisce ón bhforbairt bheartaithe ar bhealach eile seachas trí shéarach poiblí, tabhair faisnéis ar an gcóras cóireála ar an suíomh agus fianaise maidir lena oiriúnaí is a bheidh an suíomh don chóras atá beartaithe m.sh. Tógra speisialta ar an suíomh torthaí tástála síothlúcháin rle, de réir Chód Cleachtas an E.P.A. 2009,

Ba cheart go mbeadh 2 chóip don foirm sin agus sonraí an córas cóireála a chur leis an iarratas.

Ó 08/01/2010 Caithfidh an Údarás Pleanála a bheith cinnte go bhfuil gach teach atá ceadaithe in áit gan searach poiblí tar éis measúnú ar oiriúnacht an suíomh a dheanamh, ag úsáid an modheolaíocht atá leagtha amach ins an Chód Cleachtas an EPA (An gníomhaireacht Cosaint an Chomhshaoil). Caithfidh go mbeadh sé suas go dtí an caighdeán is gá.

Ní déanann an Comhairle na measúnú suíomh, is duine oilte & priobháideach a deanann é seo. Tabhair faoi deara gur conradh priobháideach é an conradh idir measúnóir agus an iarratasóir.

I gcomhréir le Airteagal 22(2)(c) dos na Rialacháin Pleanáil agus Forbairt 2006 caithfear an measúnú agus an iarratas pleanála a thaisceadh ag an ám céanna. Caithfidh tú an *Foirm a Thréithriú Suíomh* a usáid chun na toradh/eolas a thaispeáint.

Ba chóir a thabhairt faoi deara má baineann an iarratas le forbairt conaithe do níos mó ná teach amháin, áit a bhfuil sé beartaithe coras cóireála aonar a cur ar fáil do gach teach, tá foirm ar leith á teastáil do gach aon suíomh teach

Féach freisin na nótaí maidir le Ceist 2.20 le haghaidh faisnéise faoi naisc uisce agus fuíolluisce leis an séarach poiblí.

[5] PLEANANNA, INGEARCLÓNNA AGUS GEARRTHACHA

Ní mór **6 chóip**, a bheidh **priontáilte go soiléir** agus le toisí cuí, de phleananna, ingearchlónna agus gearrthacha na struchtúr atá beartaithe a sheoladh isteach, a thaispeánann iad seo a leanas:

(a) **Tarraingthe ar scála méadrach** nach bhfuil níos lú 1/200 (léirithe)

nó scála eile **réamhaontaithe**. Bí cinnte go bhfuil an scála thaispeánta ar gach liníocht/learscáil.

(b) Ba cheart go **léiríonn na liníochtaí príomhthréithe** aon fhoirgneamh a bheadh in aice leis an struchtúr beartaithe dá mbeadh sé tógtha, bíodh sin ar an suíomh nó sa chomharsanacht (ar scála nach bhfuil níos lú ná 1/200 mar is cuí).

(c) **Sa chás gur obair atá i gceist ar Struchtúr faoi Chosaint nó Struchtúr atá Beartaithe a chur faoi Chosaint**, ní mór léiriú a thabhairt sna hingearchlónna ar príomhthréithe aon fhoirgneamh **laistigh de chúirtealáiste** an struchtúir, a mbeadh tionchar thábhachtach ag an bhforbairt atá beartaithe air.

(d) **Pleananna a bhaineann** le hobair athchóirithe, le hathruithe nó le síneadh ar

struchtúr, a bheith daite le deighilt a dhéanamh idir forbairt atá ann cheana agus forbairt atá beartaithe.

(e) Tabharfar príomhthoisí **pleananna urláir, ingearchlónna agus gearrthacha d'**aon struchtúr atá beartaithe i bhfigiúir (ag áireamh an airde iomlán).

(f) Ní mór an Pointe "T" a mharcáil ar na **pleananna urláir**.

[6] **An Foirm Iarratas Bréise**

Tá an Foirm Iarratas Bréise ann le cabhrú le daoine atá ag iarradh cead a fháil do teach laistigh do limistéar ina bhfuil srianta pleanála dian ann. Is feidir leis an Údarás na srianta sin a maolú i roinnt cásanna i gcóir daoine áitiúil. Caithfidh éinne atá ag iarradh teach a thogáil laistigh do cheann dos na 6 limistéar faoin tuath atá luaite san Plean Forbartha an Chontae 2014 an foirm seo a líonadh. Is feidir leat na limistéar seo a fheicáil ins na learscáileanna san Plean Forbartha an Chontae, nó ar an Coras Fiosrúcháin Pleanála ar ár suíomh gréasán. Tá an foirm le fáil ag ár gcúntar poiblí agus ar an suíomh idirlíon. Tá treóirlintí ar an foirm le cabhrú conas a lionfeá é.

Ba chóir duit 2 chóip don foirm a cur i dteannta leis an iarratas pleanála.

Tabhair faoi deara le do thoil go cuirfear gach faisnéis / doiciméadacht tacaíochta ar fáil go poiblí chun amharc ar líne agus ag oifigí an Údaráis Pleanála. Dá bhrí sin, ba cheart d'iarratasóir (í) a chinntiú go mbainfear aon fhaisnéis phearsanta (mar shampla, Uimhir PSP, Uimhir Chuntais Bhainc, dáta breithe, srl.) ón doiciméadú sula gcuirtear isteach é mar chuid den iarratas pleanála.

[7] **Fógra Suíomh**

2 chóip d'fhógra(í) suíomh atá crochta nó socraithe ar an talamh nó ar struchtúr. Ba choir go mbeadh 2 chóip líonta isteach agus curtha isteach go dtí an údaras pleanála leis an foirm iarratas freisin

Caithfidh an fógra:

- (a) A bheith **in áit fheiceálach** ar nó in aice leis an bpríomhbhealach isteach
- (b) **Má tá níos mó ná bealach isteach amháin ann**, a bheith ar nó in aice gach bealach isteach den tsórt seo nó ar aon chuid den talamh nó struchtúr atá sínte le bóthar poiblí.
- (c) **Mura bhfuil suíomh/struchtúr sínte le bóthar poiblí**, caithfear é a chur ar an talamh nó struchtúr, ionas go mbeidh sé le feiceáil agus le léamh go soiléir ag daoine a bheidh taobh amuigh den talamh nó struchtúr.
- (d) Uaireanta nuair nach leor é fógra amháin a úsáid, **Mar shampla**, níl an suíomh ar bother poiblí, nó tá níos mó ná bother amháin, bealach amháin go dtí an suíomh 7rl, caithfear níos mó ná fógra amháin a crocadh.
- (e) **Caithfear dúch inscriosta** ar chúlra **Bán** a úsáid do ghreanadh nó priontáil an fhógra/na bhfógraí suíomh
- (f) Ba choir go mbeadh said greamaithe ar ábhar dolúbtha seasmhach agus slán i gcoinne damáiste ó dhrochaimsir agus damáistí eile
- (g) **Gan** a bheith i bhfolach nó clúdaithe as radharc ag am ar bith
- (h) Ná croch an fógra ar geata.

Má raibh aon iarratas bailí ar cuid de nó iomlán an suíomh laistigh de 6 mhí roimh an iarratas nua seo, ní mór don fógra suíomh a bheith mar ata leagtha amach ag notaí (a)-(d) agus (f) do nóta uimhir a 7 thuas, ach é a bheith ar chúlra buí

Cinntigh le do thoil nach bhfuil an Fógra/na Fógraí socraithe ar an suíomh níos mó ná **14 lá** roimh an dáta ar lóisteáil an t-iarratas leis an Údarás Pleanála agus gan a bheith dátaithe níos deanaí ná an lá ar a faigheann an t-Údarás an iarratas. Cinntigh go bhfágтар socraithe nó crochta ar an suíomh é de réir na riachtanas thuas ar feadh tréimhse na 5 seachtaine ón dáta ar lóisteáil an t-iarratas. Má thógtar anuas an Fógra Suíomh, má scriostar é nó má bhíonn sé doléite laistigh den tréimhse 5 seachtaine caithfear an fógra a dheisiú nó ceann nua a chur ina áit. Caithfear an data ar a raibh an fógra crochta suas a scríobh ar.

Caithfear **siniú an iarratasóir, nó siniú agus seoladh an gníomhaire** a leiriú ar an bhfógra.

Ní mór go n-áireofaí ar an bhFógra/na Fógraí Suíomh, an t-eolas uilig atá sonraithe sna sonraí míniúcháin atá iniata leis an bhFógra Suíomh.

Cur Síos ar an forbairt

1. **Más forbairt tithíocht é** – Dean cur síos ar líon na tithe (Cé mhéid) san fógra.

2. **Más iarratas do cead coinneála i gcóir structúr atá i gceist** – Dean cur síos ar úsáid an structúr agus, más cuí, treimhse an cead coinneála san fógra
3. **Más iarratas do obair ar structúr faoi chosaint nó ar structúr atá beartaithe a chur faoi chosaint** - caithfear é seo a rá san fógra
4. **Má tá an forbairt atá beartaithe láistigh de Limistéar Forbairt Straitéiseach** – Caithfear é seo a rá san fógra
5. **Más é an forbairt atá i gceist ná ceann don cineál luaithe i sceideal 5 dos na Rialachán Pleanáil agus Forbairt 2001** – i.e. Tuarascáil um Measúnú Tionchair Timpeallachta á teastáil (Forbairt conaithe ar scála mór). Caithfidh tú é seo a rá son Fógra Suíomh

Nuair atá Tuarascáil um Measúnú Tionchair Timpeallachta (TMTT) nó Ráiteas Tionchair Natura (RTN) iniata leis an iarratas, ní mór an ráiteas seo a leanas maraon leis na gnéithe abhartha eile atá liostaithe anseo a áireamh sa bhFógra suíomh

[i] “Beidh an Tuarascáil um Measúnú Tionchair Timpeallachta / Ráiteas Tionchair Natura loistéalte isteach go dtí an Údarás Pleanála leis an Iarratas Pleanála”

[ii] “Beidh fáil ar an Tuarascáil um Measúnú Tionchair Timpeallachta / Ráiteas Tionchair Natura le hiniúchadh nó le ceannach ar tháille nach mbeadh níos mó ná an costas réasúnta a bheadh ar chóip a dhéanamh le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí an Údaráis Phleanála.”

6. Cinntigh, agus tú ag deanamh an **cur síos** ar an forbairt atá beartaithe go bhfuil an cur síos ar an cineál agus méid an tógra ceart agus soléir. Caithfear é a rá más iarratas é i gcóir ‘togáil, ‘athchóiriú’ nó ‘scartáil’ atá ann, agus caithfear é a rá cen saghas talamh/structúr ata i gceist freisin, mar shampla, más sineadh nó athchóiriú teach atá beartaithe caithfear a rá “sineadh teach”, nó “athchóiriú teach”

Nóta Tabhachtach: Ní mór go luafaí an méid seo a leanas sa bhFógra Suíomh maraon leis na nithe eile:

“Is féidir an tIarratas Pleanála a iniúchadh nó a cheannach ar tháille **nach mbeadh níos mó ná an costas réasúnta** a bheadh ar chóip a dhéanamh ag oifigí an Údaráis Phleanála, Halla an Chontae, Charraig Ruacháin, Corcaigh [nó Teach Norton, an Sciobairín (do iarratais in iarthair Chorcaí)], **le linn a huaireanta oscailte poiblí** agus gur féidir aighneacht nó barúlacht i ndáil leis an iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás laistigh de thréimhse na 5 seachtaine dar thús an dáta a fhaigheann an tÚdarás an t-iarratas, ach an táille atá leagtha síos a íoc. Beidh aon aighneachtaí agus bharúlacha den sórt sin a chur san áireamh ag an údarás pleanála agus é ag déanamh cinneadh maidir leis an iarratas. Féadfaidh an t-údarás pleanála cead a dheonú faoi réir coinníollacha nó gan choinníollacha, nó is féidir diúltú cead a dheonú.”.

Tá treoracha do comhlanú an fógra le fáil freisin ar chúl an fógra suíomh.

[8] Fógra Nuachtáin

2 chóip den leathanach ábhartha de nuachtán faofa atá scaipeadh go h-áitiúil, agus fógra ag foilsiú intinne an iarratasóir chun an iarratas i gcóir cead a dheanamh, ní mór go n-áireofaí dáta agus teideal an nuachtáin (Tá liosta dos na nuachtáin faofa ag an Comhairle iniata leis an cáipéis seo.)

Caithfidh an t-eolas seo a leanas a bheith sa bhFógra:-

- (a) **Ceannteideal “COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ”**
- (b) **Ainm an Iarratasóra**
- (c) **Suíomh, Baile fearainn nó seoladh poist** na talún nó an struchtúir lena mbaineann an t-iarratas.

(d) **Caithfear rá air cé acu seo atá i gceist:**

- (1) Cead
- (2) Cead Coinneála
- (3) Cead de thoradh Cead Imlíneach a Deonaíodh. (Ní mór an Uimh. Chláraithe den Chead Imlíneach cuí a áireamh anseo)

(e) **Cineál agus méid na forbartha**

- (1) **Más tithíocht** atá i gceist, líon na dtithe
- (2) Sa chás gur **coinneáil** ar struchtúr atá i gceist, an cineál úsáide atá i gceist agus más cuí, tréimhse na coinneála
- (3) **I gcás oibreacha ar “Struchtúir faoi Chosaint” nó “Struchtúir atá beartaithe a chur faoi Chosaint”,** an fhíríc sin a thabhairt
- (4) **I gcás forbartha i “gCrios Forbartha Straitéiseach”** an fhíríc sin a thabhairt
- (5) **Más é an forbairt atá i gceist ná ceann don cineál luaithe i sceideal 5 dos na Rialachán Pleanáil agus Forbairt 2001** – i.e. Ráiteas Tionchar Timpeallachta (R.T.T.) á teastáil (Forbairt conaithe ar scála mór). Caithfidh tú é seo a rá son Fógra Nuachtáin

Nuair atá Tuarascáil um Measúnú Tionchair Timpeallachta (TMTT) nó Ráiteas Tionchair Natura (RTN) iniata leis an iarratas, ní mór an ráiteas seo a leanas maraon leis na gnéithe abhartha eile atá liostaithe anseo a áireamh sa bhFógra Suíomh

[i] “Beidh an Tuarascáil um Measúnú Tionchair Timpeallachta / Ráiteas Tionchair Natura loistéalte isteach go dtí an Udarás Pleanála leis an Iarratas Pleanála”

[ii] “Beidh fáil ar an Tuarascáil um Measúnú Tionchair Timpeallachta / Ráiteas Tionchair Natura le hiniúchadh nó le ceannach ar tháille nach mbeadh níos mó ná an costas réasúnta a bheadh ar chóip a dhéanamh le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí an Údaráis Phleanála.”

TÁBHACHTACH

(f) **Ní mór go luafaí an méid seo a leanas sa bhFógra Nuachtáin maraon leis na nithe eile:**

“Is féidir an tIarratas Pleanála a iniúchadh nó a cheannach ar tháille **nach mbeadh níos mó ná an costas réasúnta** a bheadh ar chóip a dhéanamh ag oifigí an Údaráis Phleanála **le linn a huaireanta oscailte poiblí** agus gur féidir aighneacht nó barúlacht i ndáil leis an iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás laistigh de thréimhse na 5 seachtaine dar thús an dáta a fhaigheann an tÚdarás an t-iarratas, ach an táille atá leagtha síos a íoc”.

Cinntigh, agus tú ag deanamh an cur síos ar an forbairt atá beartaithe go bhfuil an cur síos ar cineál agus méid an tógra ceart agus soléir. Caithfear é a rá más iarratas é i gcóir ‘togáil, ‘athchóiriú’ nó ‘scartáil’ atá ann, agus caithfear é a rá cen saghas talamh/structúr ata i gceist freisin, mar shampla, más leathnú/sineadh nó athchóiriú teach atá beartaithe caithfear a rá “sineadh **teach**”, nó “athchóiriú **teach**”

Caithfidh an t-iarratas a bheith seolta isteach go dtí an Údarás Pleanáil **laistigh de 14 lá** ó fhoilsítear an Fógra Nuachtáin nó beidh an Fógra neamhbhailí agus cuirfear ar ais an t-iarratas mar neamhbhailí. Má tharlaíonn sé áfach go dtiteann an lá deireanach d’iarratais ar Shatharn, Domhnach, Lá Saoire Poiblí nó aon lá eile a mbíonn na hOifigí Pleanála dúnta, beidh an fógra bailí ar an gcéad lá oibre eile ina dhiaidh sin.

Táillí Pleanála

Cineál Forbairt

Táille

Teach	€65.00
Cead Imlíneach do teach (3/4 don Táille iomlán)	€48.75
Cead de thoradh Cead Imlíneach a Deónaíodh (1/4 don Táille iomlán) – (€ 34 ar a laghad don táille)	
Athchóiriú Áiléar	€34.00
Dabhach séarachais/ Gharáiste Tís	€34.00
Bealach Isteach Tís	€34.00
Bealach Isteach Talmhaíochta	€80.00
Foirgneamh Talmhaíochta	€80.00 do foirgneamh nó €1.00 do gach meadar cearnach de bharráíocht ar 200 méadar cearnach
Arasán Seanóra (Granny Flat)	€65.00
Scartáil	€80.00 nó €10 do gach 0.1 heictéar (cibe acu is mó)
Iarratas Tráchtála	€80.00 nó €3.60 go gach méadar cearnach (cibe acu is mó)
Fádú Thréimhse an cead	€62.00

Coinneál (an Gnath Táille X 3)

Teach	(65 x 3)	€195.00 nó €2.50 do gach méadar cearnach (cibe acu is mó)
Sineadh/Leathnú	(34 x 3)	€102.00 nó €2.50 do gach méadar cearnach ollspás úrlár (cibe acu is mó)
Tráchtála/Tionscail	(80 x 3)	€240.00 nó €10.80 do gach méadar cearnach (cibe acu is mó)
Talmhaíocht	(80 x 3)	€240.00 nó €3.00 do gach méadar cearnach ollspás úrlár de bharráíocht ar 200 méadar cearnach (cibe acu is mó)

Íosmhéid agus Úasmhéid ar táillí do Iarratas Pleanála

Íosmhéid ar táillí Tís	€34.00
Íosmhéid ar táillí Tráchtála/Tionsclaíoch	€80.00
Íosmhéid ar táillí Talmhaíochta	€80.00
Úasmhéid ar táillí Talmhaíochta	€300.00
Úasmhéid ar táillí Tráchtála/Tionsclaíoch	€38000.00
Úasmhéid ar táille do Chead Imlíneach	€28500.00

Má baineann an iarratas le forbairt a bhfuil, i dtuairim an comhairle, beartaithe ag eagraíocht dheónach, i dtuairim an Comhairle:

- Deartha & beartaithe i gcóir úsáidí soisialta, caitheamh aimsire, nó religiúnach ag na daoine aitiúla, nó daoine ó grúpaí nó creidimh eagsúla, gan a bheith ag deanamh brabús
- Deartha agus beartaithe mar ceardlann, ionad traenála, Tigh Ósta, nó lóistín éigin eile do daoine Míchumasach, gan a bheith ag deanamh brabús.
- Obair atá coimhdeach le forbairt dá dtagraítear i Mír (a) agus (b), - **Ní bheadh táille iníoctha má dhéanfa iarratas don sort seo.**

Téann na nótaí seo i leanas le na ceisteanna ar an foirm iarratas leis an uimhir comhfreagarach.

Tabhair faoi deara , Caithfear Alt 1 , 2, 3 & 4 a chómhlanú go hiomlan do gach saghas iarratais

Níor chóir Alt 5 (Sonraí iarratais phleanála neamh-tís & neamh-talmhaíochta) a chomhlánú ach amháin le haghaidh Forbartha Gnó, Fiontar, Tionscail, Miondíola agus Tráchtála eile. Alt

Níor chóir Alt 6 (Sonraí talmhaíochta) a comhlánú ach amháin i gcóir iarratais le haghaidh Forbartha Talmhaíochta

Tabhair freagair do gach cheist le do thoil, nó cur ‘neamh-oiriúnach’ muna baineann ceist nó mír eigin leis an iarratas.

Alt 1 – Sonraí Teagmhála Faoi Rún (Le Comhlíonú do gach iarratas)

Ní bheidh Ceisteanna 1.1-1.5 le fáil ag an pobail .

Tabhair faoi deara gur leor Cóip amháin de Alt 1 , ceisteanna 1.1-1.5 a cuir isteach leis an iarratas.

- 1.1. Luaigh seoladh teagmhail agus uimhir guthán an iarratasóir Cuir aon uimhir guthán phóca, seoladh ríomhphost, nó uimhir faics san áireamh freisin má tá siad agat. Baineann an cheist seo le ceist 2.5 ar an foirm.
- 1.2. Luaigh seoladh teagmhail agus uimhir guthán an duine/gníomhaí ag gníomhú ar son an Iarratasóra. Cuir aon uimhir guthán phóca, seoladh ríomhphost, nó uimhir faics san áireamh freisin má tá siad agat. Baineann an cheist seo le ceist 2.7 ar an foirm. Luaigh anseo, le do thoil, an seoladh ar cheart duinn a úsáid do gach comhfhreagras. Cuir tic san bhosca cuí. Má tá tú ag iarradh an comhfhreagras a bheith curtha ar aghaidh go dtí an gníomhaire cur tic sa bhosca ‘SEA’, má gcuirfeá tic sa bhosca ‘Ni Hea’, seolfainn gach comhfhreagras ar aghaidh go dtí seoladh an iarratasóir.
- 1.3. Luaigh seoladh teagmhail agus uimhir guthán an duine atá freagrach as Líníochtaí agus Pleananna a ullmhú. Cuir aon uimhir guthán phóca, seoladh ríomhphost, nó uimhir faics san áireamh freisin má tá siad agat. Baineann an cheist seo le ceist 2.8 ar an foirm.
- 1.4. Sa chás gur Cuideachta an Iarratasóir atá cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2017, luaigh seoladh teagmhail agus uimhir guthán an cuideachta. Cur aon uimhir guthán phóca, seoladh ríomhphost, nó uimhir faics san áireamh freisin má tá siad agat. Baineann an cheist seo le ceist 2.6 ar an foirm.
- 1.5. Luaigh seoladh teagmhail agus uimhir guthán an úinéir don talamh/structúr atá faoi iarratas. Caithfear an eolas seo a cuir ar fáil muna bhfuil an iarratasóir ina h-úinear ar an talamh/structúr. Cuir aon uimhir guthán phóca, seoladh ríomhphost, nó uimhir faics san áireamh freisin má tá siad agat. Baineann an cheist seo le ceist 2.10 ar an foirm. **Muna bhfuil an iarratasóir ina h-úinear ar an suíomh, caithfear litir ón úinear a cuir i gabháil leis an iarratas, ag tabhairt cead don iarratasóir iarratas a dheanamh ar an talamh/structúr**

Ta an eolas teagmháil bréise tugtha anseo, mar shampla, seoladh ríomhphoist, uimhreacha guthain 7rl ann go deonach, agus ní úsáideann an údarás pleanála iad ach amháin chun teagmháil leat más gá i rith an próiseas pleanála. Ní cuirfidís na sonraí teagmháil sin ar fáil do aon ball tríú páirtí éile seachas An Bórd Pleanála i gcasanna achomarc.

Alt 2 – Sonraí Iarratas (Le chómhlanú go hiomlan do gach saghas iarratais)

- 2.1. (a) Ainm an Údaras Pleanála Mar shampla,- Comhairle Contae Chorcaí.
(b) Cuir tic sa bosca cuí. Ba chóir go mbeadh iarratais don ceantair tuaisceart agus an ceantair deisceart lóisteáilte i Halla an Chontae, Corcaigh, agus gach iarratas don ceantair Iarthair lóisteáilte i Teach Norton, An Sciobairín. Déan teagmháil linn má tá aon cabhair a teastáil uait leis an ceist seo.
- 2.2 Suíomh an Fhorbairt Bheartaithe: Seoladh poist nó Baile Fearann nó suíomh a thugann an leiriú is fearr ar an talamh nó structúr ata i gceist
Cuir isteach an uimhir thágarta an léarscáil suirbhéireachta ordanáis (agus an tágairt eangaigh má tá sé le fáil) ag (b)
- 2.3. Cuir tic sa bosca cuí. Más iarratas i gcóir cead agus cead coinneála ní mór duit an tic a cuir san dhá bhosca.
- 2.4. Más iarratas i gcóir cead de thoradh cead imlíneach a deónaíodh é cuir isteach an uimhir thagartha an cead imlíneach agus dáta ar deónaíodh an cead imlíneach
- 2.5 Ainm/neacha an iarratasóir/na h-iarrataisóir amháin atá i gceist anseo. **Ná líon isteach seoladh an iarratasóir anseo.**
- 2.6. Más cuideachta é an iarratasóir (cláraithe faoi hAchtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2017) Líon isteach Ainm/neacha an stiurthóir/na stiurthóirí na cuideachta mar atá sé ag An Oifig um Chlarú Cuideachtaí, agus Uimhir Cláraithe na Cuideachta arna soláthar ag An Oifig um Chlárú Cuideachtaí
- 2.7. Cuir isteach ainm an duine do dtí go mbeadh gach comhfhreagras ag dul. **Ná líon isteach sonraí seoladh anseo.** Cinntigh gur féidir leis an comhairle comhfhreagras a dheanamh le do gníomhaire.
- 2.8. Cuir isteach ainm an duine atá freagrach as liníochtaí agus pleananna a ullmhú anseo. Tá seans ann gur é an duine céanna atá i gceist anseo agus do cheist 2.7, **ná cuir seoladh an duine isteach anseo.**
- 2.9. Cinntigh, agus tú ag deanamh an cur síos ar an forbairt atá beartaithe go bhfuil an cur síos ar nadúr an tógra ceart agus soléir. Caithfear é a rá más iarratas é i gcóir ‘tógáil, ‘athchóiriú’ nó ‘scartáil’ atá ann, agus caithfear é a rá cen saghas talamh/structúr ata i gceist freisin, mar shampla, más sineadh nó athchóiriú teach atá beartaithe caithfear a rá “sineadh **teach**”, nó athchóiriú **teach**” 7rl
Ba choir go mbeadh an cur síos seo mar na gcéanna ar an foirm, an fógra suíomh, agus an fógra nuachtáin.
- 2.10 Ba choir don iarratasóir an leas dhlíthiúil atá acu ar an talamh nó structúr a taispeáint duinn. Más tusa an úinéir, leasaí, nó, má tá conradh agat chun é a cheannach, cur tic san bhosca atá cuí, ach más ‘C’ – ‘Eile’ an freagra déan miniú ar an leas-dhlíthiúil atá agat san talamh/structúr. Is féidir leat litir a scríobh chun na sonraí a miniú más maith leat.
Muna bhfuil tusa i do úinéir (má cur tú tic le b nó c) ba chóir duit litir ón úinéir a cur i gabhail leis an iarratas ag tabhairt cead duit an iarratas a dheanamh ar an talamh/structúr.
- 2.11 Ba cheart go mbeadh gach tomhas ar na léarscáil á thaispeáint ar scála méadrach. Sonraigh achar an suíomh i heicteár. Cinntigh go bhfuil an tomhas céanna tugtha ar achar an suíomh ar an léarscáil, na liníochtaí agus ag ceist 2.11 ar an foirm.
- 2.12. Ba cheart go mbeadh gach tomhas ar an liníochtaí ar scála méadrach. Sonraigh an achar ollspás i meadar cearnach (m2) do gach chuid do ceist 2.12 a baineann le do iarratas.
Ciallaíonn ollspás úrlár an t-achar atá cinntithe trí tomhas inmheánach an spas úrlár
Tabhachtach – I gCásanna ina bhfuil sé beartaithe foirgneamh nó foirgnimh a scartáil laistigh do chúirtealáiste de teach, má tá achar an foirgneamh atá le scartáil níos mó ná 40m2 caithfear iarratas pleanála a dheanamh do, mar tá cead á teastáil agus caithfear táille a íoc freisin.
- 2.13. Sa chás gur forbairt mheascaithe atá i gceist (m.sh. áit cónaithe, tráchtála, agus/nó tionsclaíoch, rle), tabhair briseadh síos ar na n-aicmí éagsúla forbartha san tábla foráilte, agus tabhair briseadh síos ar an ollspás úrláir do gach aicme forbartha sa bhosca comhfhreagrach sa tábla.

2.14. Sa chás gur Eastáit Tithíochta atá i gceist, tabhair briseadh síos ar na cineál eagsúla teach atá i gceist agus an ollspás úrláir do gach saghas teach ata ann.

Is feidir leat bileóg bréise a úsáid má tá sé a teastáil.

2.15. Más iarratas do athrú abartha ar úsáid é, mar shampla, ó úsáid conaithe go úsáid trachtála, nó ó úsáid talmhaíochta go úsáid conaithe 7rl tabhair sonraí sna boscaí cuí faoi an úsáid reatha atá ann, agus an úsáid nua atá beartaithe.

Ní mor duit an ceist seo a fhreagairt freisin más iarratas do cead coinneál atá á lorg.

I gCásanna go bhfuil an úsáid reatha folamh tabhair sonraí faoin úsáid údaraithe deireanach a bhí ar an suíomh nó an structúr.

2.16. Baineann Cuid V don Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh, le tithe a cur i soláthar don Comhairle faoin scéim tithíocht shóisialta agus Inacmhainne. De gnath téann céatadán (%) áirithe dón líon iomlán dos na tithe go dtí an comhairle ar an scéim de réir Cuid V don Acht. Má tá níos mó ná 9 tithe beartaithe san iarratas caithfidh tú tic a cur le “Is Ea” mar baineann an Cuid V don Acht leis an iarratas, mar sin, ní mór duit sonraí a chur ar fáil, mar chuid de d'iarratas, faoi cad atá beartaithe agat chun a bheith i gcló le alt 96 de Chuid V den Acht lena n-áirítear, mar shampla,

(i) sonraí maidir le cibé cuid nó codanna den talamh atá faoi réir an iarratas pleanála nó a bhfuil sonraithe ag an gcomhaontú Cuid V, nó tithe suite ar an talamh thuasluaite den sórt sin nó in áit eile i limistéar feidhme an údaráis pleanála a bheartaítear a bheidh le haistriú chuig an údarás pleanála, nó sonraí na dtithe atá suite ar an talamh thuasluaite den sórt sin nó in áit eile i limistéar feidhme an údaráis pleanála a bheartaítear a léas chuig an údarás pleanála, nó sonraí maidir le haon mheascán de sin, agus faoi

(ii) sonraí faoi na ríomhanna agus modheolaíocht ar a ríomhadh do luachanna talún, costais láithreáin, costais forbartha agus gnáth tógála, agus brabús ar na costais sin agus na costais ghaolmhara eile a ríomh mar sciar iomchuí d'aon forbairt coitianta oibreacha mar is gá chun a bheith i cloí leis na forálacha i Cuid V den Acht.

Má gceapann tú go bhfuil do forbairt díolmhaithe ó Cuid V (mar go bhfuil 9 tithe nó níos lú i gceist, nó má tá an forbairt beartaithe ar suíomh le achar níos lú ná 0.1 heictéar), is feidir leat iarratas do teastas diolúine a thaisceadh ag gabhail leis an iarratas pleanála . Ta na foirm iarratas do teastas diolúine le fáil ag an oifig pleanála, nó ar an suíomh gréasán – www.corkcoco.ie

Más “Ní hEa” do freagar de bhua Alt 96 (13) - féach thíos- sonraigh cén cuid den Alt gur baineann sé leis.

Alt 96 (13) – “Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le hiarratais ar chead—(a) le haghaidh forbartha arb é atá inti soláthar tithe ag comhlacht atá arna cheadú chun críocha alt 6 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992, chun tithíocht a sholáthar do dhaoine dá dtagraítear in alt 9(2) d’Acht na dTithe, 1988, i gcás nach gcuirfear na tithe sin ar fáil ach amháin lena ligean. (b) chun foirgneamh atá ann cheana féin a athchóiriú nó chun foirgneamh a athfhoirgniú d’fhonn teaghais amháin nó níos mó a chruthú, ar choinníoll go gcoimeádfar 50 faoin gcéad nó níos mó den chreatlach sheachtrach atá ar an bhfoirgneamh cheana féin, nó (c) chun oibreacha a dhéanamh ar theach atá ann cheana féin.”

2.17. Cuir tic sa bhosca cuí a rá “Sea” nó “Ní hEa” do na ceisteanna comhfreagrachas.

- Tá na structúr atá faoi cosaint go léir liostaithe i Imleabhar 2 do Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2014 agus gach ceann de na 9 Plean Forbartha Baile . Má bhfuil obair ar structúr faoi cosaint i gceist san bhforbairt atá beartaithe cinntigh go bhfuil sé seo ráite sna fógraí suíomh agus nuachtáin
- Déan taighde ar Imleabhar 4 (leirscáileanna) do Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2014 nó ar an Coras Fiosrúcháin Pleanála ar www.corkcoco.ie , nó na Plean Forbartha Baile chun fháil amach an bhfuil an suíomh suite láistigh de Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta.
- Tá an Taifead do Shéadchomhartha agus Áiteanna, faoi Alt 12 d’Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú) 1994 le fáil sna Oifigí Údaráis Áitiúil, agus sna Leabharlanna Poiblí.

Tabhair faoi deara má tá tionchar ag an bhforbairt bheartaithe, nó má tá sé gar, do shéadchomhartha náisiúnta nó áit atá taifeadta faoi alt 12 d’Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930-2004, faoi úinéireacht, nó caomhnóireacht an t-Aire don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, nó má tá ordú buanchoimeáda (nó ordúbuanchoimeáda sealadach) ar, caithfear cead reachtúil ar leith a fháil ón Aire don Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta. Chun eolas a fháil faoi séadchomharthaí náisiúnta agus cibe acu atá sé faoi úinéireacht, nó faoi chaomhnóireacht an t-Aire (An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta) nó Údaráis Aitiúil,

nó má tá ordú buanchoimeáda in áit ar, téigh i dteagmháil leis an Rannóg na Séadchomhartha Náisiúnta, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. (1890 20 20 21)

- Tá na riachtanais i gcóir TMTT leagtha amach i Cuid X don Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh, agus Cuid 10 sna Rialacháin Pleanáil agus Forbairt 2001– Déan tagairt ar Sceideal 5 – Forbairt faoi Cuid 10- ag deireadh na Rialacháin chun gach saghas forbairt a éilíonn TMTT a fheicáil. Más ‘Sea’ é an fhreagra don cheist seo caithfear é sin a leiriú san cur síos ar an forbairt ar an fógra suíomh agus an fógra nuachtáin.
- Go ginearalta tugtar na n-ainmneach seo freisin ar na suíomh caomhnaithe Eorpach - Suíomh ‘Natura 2000’, ‘Limistéir Chosaint Speisialta’, ‘Limistéir Chaomhantais Speisialta’ nó ‘Limistéir Oidhreachta Nadúrtha’. De gnath comhfhreagraíonn na suíomh seo le na limistéir caomhantais speisialta atá leagtha amach sa Plean Forbartha Chontae Chorcaí, nó is feidir leat iad a fheicáil freisin ar an suíomh idirlíon *an Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra* - www.npws.ie. Déanann an tÚdarás Pleanála scrúdú ar gach iarratas agus a thionchar ar an suíomh. Tá seans ann, i roinnt gcásanna, go mbeadh measunú cuí á teastáil. Beadh an measunú seo deanta de réir Airteagal 6(3) agus 6(4) dos na Treoir um Ghnathóga agus caithfadh an measunú aon tionchar gur feidir a bheadh ann ar na cuspóirí caomhnú do aon suíomh ‘Natura 2000’ a thaispeáint. Má tá Ráiteas Tionchair Natura ag teastáil leis an iarratas pleanála caithfear é sin a leiriú i cur síos an forbairt san fógra suíomh agus an fógra nuachtáin. Moltar do iarratasóirí comhairle a fháil ón Údarás Pleanála sula ndéantar an iarratas.
- Tá an Ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruailliú (CRCT is ea an iar-ainm a raibh air) agus an Ceadúnas um Treoir Astaíochtaí Tionsclaíocha (TAT) eisithe ag an Ghníomhaireacht Cosaint An Chomhshaoil (EPA) agus clúdaíonn siad astaíochtaí eagsúla. Déan tagairt ar suíomh idirlíon an EPA i gcóir eolas breise faoi na ceadúnais seo. Má baineann do forbairt le aon gníomhaíocht a éilíonn Ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruailliú nó Ceadúnas um Treoir Astaíochtaí Tionsclaíocha caithfear tic a cuir sa bhosca “sea” don cheist seo agus caithfear tagairt a dheanamh air san cur síos ar an fógra suíomh agus an fógra nuachtáin
- Ceadáíonn ceadúnas Dramhaíola an sealbhóir fáil réidh le dramháil ó thaobh dlí. Tá na ceadúnais seo le fáil ón Ghníomhaireacht Cosaint An Chomhshaoil (EPA). Má tá aon cheist agat faoin ceist seo is feidir leat teagmháil leis an EPA. Má bhfuil ceadúnas dramhaíola a teastáil leis an iarratas caithfear é seo a thaispeáint sa cheist seo. Más ‘Sea’ é an fhreagra don cheist seo caithfear é sin a leiriú san cur síos ar an forbairt ar an fógra suíomh agus an fógra nuachtáin.
- Baineann na Rialacháin do Mhórthimpistí le forbairtí lena gcaithfear plean a cur in áit chun smacht a choimead ar guaise timpistí mhóra a bhfuil ag baint le substaintí contúirteacha. Más ‘Sea’ an freagar ar an cheist, caithfear ceithre (4) chóip don eolas ón tríú sceideal dos na rialacháin do Mhórthimpistí a cuir i dteannta leis an iarratas agus caithfear é sin a leiriú san cur síos ar an forbairt ar an fógra suíomh agus an fógra nuachtáin.
- Deanann An Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh, foráil do chruthú do Crios Forbartha Straitéiseach ar Ord an Rialtas má tá forbairt de saghas éigin lena bhfuil tabhactach eacnamaíocht no sóisialta ann don stáit. Cuireann Crios Forbartha Straitéiseach suíomhanna ar fáil le haghaidh forbairt comhtháith agus comhordaithe láistigh de creatlach pleanála seasta. Níl ach Crios Forbartha Straitéiseach amháin i Chontae Chorcaí faoi lathair. Tá sé beartaithe Baile Mór nua a cruthú i Móin Árd ar imeall na cathrach. Is suíomh 390 heictéar faoin tuath é, tá sé suite ar an line iarnród ó Corcaigh go Mala, 2km ó thuaidh don cathair agus 3km ó soir do Bhlarna. Dean tagairt, le do thoil, ar na léarscáileanna ar an Choras Fiosrúcháin Pleanála (ar-líne ar www.corkcoco.ie nó san Oifig Pleanála) chun an Crios Forbartha Straitéiseach seo a fheicáil Má tá an iarratas ag baint le forbairt san Crios Forbartha Straitéiseach, agus ‘Sea’ mar freagra agat, ba chóir go mbeadh sé seo ráite san cur síos ar an forbairt (an an foirm), ar an fógra nuachtáin agus an fógra suíomh.
- Má tá teach nó structúr os cionn 40 meadar cearnaithe (40sqm) le scartáil ar suíomh tís, nó os cionn 100 meadar cearnach (100sqm) le scartáil ar suíomh neamh-tís (i.e. Suíomh talamhaíochta, trachtála, no tionsclaíoch) beidh táille ag baint leis an scartáil. Tá na táilli riomhaithe faoi Forbartha don aicme 13 ar an sceideal táillí. Más ‘Sea’ é an fhreagra don cheist seo caithfear é sin a leiriú san cur síos ar an forbairt ar an fógra suíomh agus an fógra nuachtáin..

2.18. Lión isteach an méid eolas is atá agat i ngach alt don cheist faoi stair an suíomh. Déanann an tÚdarás Pleanála scrúdú ar gach iarratas ó thaobh an t-eolas ata foilsithe ar baol tuilte. Fhéadfadh go mbeadh gá ar iarratasóirí eolas sa bhreis a thabhairt duinn mas rud é go n-aithnítear baol tuilte i ndail leis an suíomh. Seans ann go mbeadh ort tagairt a dheanamh ar an Coras Fiosrúcháin Pleanála ar suíomh gréasán an Comhairle chun stair pleanála an suíomh a fheicáil chun fháil amach má raibh aon iarratas baillí ar an suíomh riamh. Tabhair faoi deara, má raibh iarratas bailí ar an suíomh (nó cuid don suíomh) níos lú ná 6 mhí roimh an ceann atá beartaithe agat anseo, ní mór don Fhógra Suíomh a bheith daite BUÍ, i gcomhréir le Airteagal 19(4) dos na Rialacháin Pleanáil agus Forbairt (mar a leasaíodh) 2001.

Tabhair faoi deara, má bhfuil an suíomh ar a bhfuil an forbairt beartaithe faoi reir achomhairc leis An Bórd Pleanála i ndáil le forbairt don chineál chéanna, caithfear cinneadh a fháil ar an achomhairc, nó caithfear an achomhairc a tharraingt siar sula bhfeadfá in ann an iarratas nua a loisteaíl

2.19. Is feidir leat comhairliúchán réamhiarratais a shocrú le pleanálaí an ceantar sula gcuireann tú d'iarratas chuig an Comhairle. Bíonn clinicí pleanála ar siúl sna h-Oifigí Comhairle Áitiúil go rialta. Is feidir leat teagmháil leis an rannóg pleanála chun gur feidir leat comhairliúchán réamhiarratais a shocrú. Uaireanta deanann na pleanálaí comhairliúchán réamhiarratais trí gaoch guthán.

De réir Alt 247 don Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar a leasaíodh, caithfidh go bhfuil leas ag an iarratasoir san talamh atá i gceist san iarratas. Má raibh comhairliúchán réamhiarratas agat faoin iarratas tabhair sonraí le do thoil.

Tabhair sonraí faoin Uimhir Thagartha, dáta(i) an comhairliúcháin, na daoine a bhí rannpháirteach 7rl.

Tabhair faoi deara, más comhairliúchán réamhiarratais oifigiúil faoi Alt 247 don Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, Mar a leasaíodh, a bhí i gceist beidh uimhir thagartha curtha ar an comhairliúchán, agus taifead i scribhinn coimeadtha ag an Údarás Pleanála, leis na sonraí faoi am, lathair agus na nótaí eagsúla an cruinniu. Beidh na nótaí sin curtha san áireamh ansin san iarratas pleanála nuair a dtagadh sé isteach.

2.20. Baineann an cheist faoi seirbhísí seo le foinse soláthar uisce, cóireáil fuíolluisce agus diúscairt don uisce dromcla. Do gach ceist, sonraigh cad atá ann faoi lathair (má tá aon rud ann), agus ansin cur tic sa bhosca a rá cad atá beartaithe. Mar shampla, muna bhfuil cóireáil fuíolluisce ann cheana, agus má tá sé beartaithe agat aonad bith-timthriallach a cur isteach, scriobh '*Faic*' san bhosca a baineann le cóireáil ar an suíomh cheana, ansin cur tic san bhosca '*Nua*' agus sonraigh an ainm agus an cineál aonad bith-timthriallach atá beartaithe agat a insealbhú.

Is feidir leat bileog ar breis a úsáid ag taispeáint sonraí na seirbhísí más maith leat (Feach ar nóta 4 ar leathnach 3 dos na treorlíní seo i gcóir níos mó eolas ar na cóireáil fuíolluisce)

Má tá sé beartaithe agat do soláthar uisce a fháil ó ceangail le Grúpsceime Uisce, caithfear litir a fháil ag toiliú leis an ceangail agus é sin a cur ag gabhail leis an iarratas

.Tabhair Faoi deara i gcásanna do pacáiste gléasra cóireála ina bhfuil sé beartaithe é a scaoileadh go dtí uisce, uiscí dromchlá nó screamhuisce, tá ceadúnas a teastáil faoi reachtaíocht truailliú uisce (Caithfidh tú é seo a phlé le Rannóg Comhshaol an Comhairle)

Is é Uisce Éireann do phointe teagmhála anois i ndáil le naisc uisce agus fuíolluisce go léir leis an mBonneagar Poiblí. Moltar duit dul i dteagmháil le Uisce Éireann le fiosrú réamhcheangailte comh luaithe is féidir sa tionscadal. Is féidir teagmháil tosaigh a dhéanamh sula ndearnadh aon iarratas ar chead pleanála don Údarás Áitiúil ábhartha.

Cuireann an próiseas fiosrúcháin réamhcheangail ar chumas tú eolas a fháil roimh ré maidir le cibé an bhfuil ceangal indéanta go teicniúil nó nach bhfuil, chomh maith le míniú ar an obair atá ag teastáil chun an nasc a éascú. D'fhéadfadh toradh an fhiosrúcháin réamhcheangailte tionchar ar d'iarratas ar chead pleanála; mar shampla, d'fhéadfadh ceangal a bheith ag ceangal le stáisiún caidéalaithe ar an lathair a bhféadfadh chead pleanála a bheith ag teastáil uaidh.

Chun tús a chur leis an bpróiseas fiosrúcháin réamhcheangail, ní mór duit foirm fiosrúcháin réamhcheangail a chomhlánú. Chun an fhoirm a fháil, téigh chuig www.water.ie/connections chun an fhoirm a íoslódáil. Nó is féidir leat gaoch ar Uisce Éireann ar 1850 278 278 agus is féidir leo foirm a sheoladh chugat. Beidh nótaí teorach ag gabháil leis an bhfoirm fiosrúcháin réamhcheangail chun an fhoirm a chomhlánú

Is féidir foirmeacha a chur ar ais tríd an bpost chuig Uisce Éireann, Bosca Poist 860, Oifig Seachadta na Cathrach Theas, Cathair Chorcaí, nó trí ríomhphost chuig newconnections@water.ie

Tabhair faoi deara, má chuireann tú d'fhoirm fhiosrúcháin réamhcheangail d'uisce chuig Uisce Éireann trí ríomhphoist le cháipéisíocht, is é 35MB an t-uasmhéid comhaid a fhaigheann Uisce Éireann in aon ríomhphost amháin.

2.21. Tá liosta ag an Comhairle Contae Chorcaí dos na nuachtáin ina bhfuil sé ceadaithe duit an fógra nuachtáin a fhoilsiú.

Tá an liosta seo le fáil ag deireadh na nótaí seo. Roghnaigh an ceann is oiriúnaí. Cuir an dáta ar a raibh an fógra foilsithe agus an dáta ar a raibh an fógra suíomh crochta suas sna boscaí cuí ar an foirm. Caithfidh an t-iarratas a bheith seolta isteach go dtí an Údarás Pleanála **laistigh de 14 lá** ó fhoilsítear an Fógra Preasa nó beidh an Fógra neamhbhailí agus cuirfear ar ais an t-iarratas mar neamhbhailí. **Is é lá an foilsíú lá uimhir a h-aon dos na 14 lae**

2.22. Cur isteach figiúr an táille sa bhosca seo agus an modh ar a riomhadh é. Má tá cabhair a teastáil chun é seo a dhéanamh déan teagmháil leis an oifig chláru nó an oifig liníochta san Rannóg Pleanála.

Tá sceideal 9 ó na Rialacháin Pleanáil agus Forbairt 2001 iniata ag deireadh na notai seo. Tá liosta ann dos na saghas forbartha agus na táillí eagsúla a dtéann i gabhail leo

Léirigh, le do thoil, conas gur íoc tú ás, nó conas go íocfaidh tú ás an táille pleanála. Déan tagairt freisin ar leathnach 23 des na treoirlínte seo i gcóir an modh a leanfar má tá tú ag íoc le aistriú leictreonach airgead.

2.23. Má tá an t-eolas san foirm cheart agus cruinn chomh fada agus is eol duit, bí cinnte go bhfuil an dearbhú sinithe agus an dáta air.

Alt 3– Cosaint Sonraí (le chómhlanú go hiomlan do gach saghas iarratais)

Athraíonn an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) (AE) 2016 agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 an dlí i ndáil le chosaint sonraí in Éirinn. Déanann sé cearta na ndaoine aonair a neartú agus méadaíonn se na hoibleagáidí ar eagraíochtaí maidir le conas a bhailíonn siad, úsáideann siad agus chosain siad sonraí pearsanta. Ag croí-lár an dlí nua is é an riachtanas atá ann d'eagraíochtaí agus do ghnólachtaí a bheith go hiomlán trédhearcach maidir leis an gcaoi a bhfuil siad ag úsáid sonraí pearsanta agus é a chosaint, agus a bheith in ann cuntasacht a léiriú as a gcuid gníomhaíochtaí próiseála sonraí

Bailíonn Comhairle Contae Chorcaí faisnéis phearsanta chun go bhféadfaidh an tÚdarás Pleanála d'iarratas ar chead pleanála a phróiseáil. Go dlíthiúil is féidir leis an Údarás Pleanála an fhaisnéis seo a phróiseáil de réir mar a fhaightear é le do thoiliú agus tá sé riachtanach chun oibleagáidí reachtúla / dlí a chomhlíonadh.

Is príomhthosaíocht é leis an Chomhairle do sonraí pearsanta a chosaint agus próiseálfar do shonraí de réir Pholasaí Príobháideachais na Comhairle atá ar fáil ag <https://www.corkcoco.ie/privacy-statement-cork-county-council> nó i gcló cruá ó aon oifig san gComhairle.

Má tá aon cheist agat faoi Pholasaí Príobháideachais na Comhairle nó an fhaisnéis a shealbhóidh Comhairle Contae Chorcaí fút, téigh i dteagmháil leis an gComhairle trí ríomhphost chuig dpo@corkcoco.ie nó scríobh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruachain, Corcaigh, Éire.

Tabhair faoi deara le do thoil go gcaithfear an toiliú a fháil ón iarratasóir chun go mbeidh an tÚdarás Pleanála in ann na sonraí pearsanta a bhí curtha ar fáil leis an t-iarratas pleanála a phróiseáil. Caithfidh an t-iarratasóir alt 3.1 den fhoirm iarratais phleanála a shíniú agus a dhátú. Tabhair faoi deara freisin nach féidir leis an gcomhairleoir / gníomhaire pleanála an dearbhú seo a shíniú thar ceann an iarratasóra

Comhlánaigh ceisteanna 3.2 – 3.5, le do thoil, Cuir Tic (✓) Sea nó Ní hEa, mar is cuí, chun comhlíonadh leis an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 a léiriú.

Má fhreagair tú "Sea" do aon cheist ó 3.3 - 3.5, ní mór don Údarás Pleanála cead follasach (alt 3.7) a fháil chun go mbeimid in ann na sonraí pearsanta íogaire a phróiseáil. **Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcaithfidh an Géillsineach Sonraí an toiliú seo a thabhairt.**

Má fhreagair tú "Sea" do aon cheist ó 3.3 - 3.5, comhlánaigh alt 3.6, le do thil, ag léiriú na doiciméid a chuir tú isteach leis an fhaisnéis seo?

I gcás ina soláthraítear faisnéise de chatagóirí speisialta/faisnéis phearsanta íogaire mar chuid de / mar thaca le hiarratas pleanála, ní mór don duine lena mbaineann an faisneis Cead Follasach a thabhairt go soiléir chun na sonraí sin a phróiseáil, is é sin an Géillsineach Sonraí.

3.7 RGCS– Faisnéise chatagóirí speisialta/Faisnéis Phearsanta Íogaire - Cead Follasach

Sa chás go bhfuil an Géillsineach Sonraí faoi bhun 18 bliana, ní mór toiliú tuismitheoirí a thabhairt thar ceann an Géillsineach Sonraí / an Pháiste.

Sa chás go bhfuil an Géillsineach Sonraí 18 bliana d'aois nó níos sine, ní mór don Géillsineach Sonraí iad féin a thoilíú.

Áiríonn Faisnéise chatagóirí speisialta/Faisnéis Phearsanta Íogaire, ag áireamh:

- Cine
- Bunús eitneach
- Tuairimí polaitíochta
- Creideamh
- Creideamh fealsúnachta
- Ballraíocht cheardchumainn
- Sonraí géiniteacha
- Sonraí bithmhéadracha
- Sonraí sláinte
- Maidir le saol gnéis duine nádúrtha
- Claonadh gnéasach

D'fhonn na sonraí pearsanta íogaire a sholáthraítear mar chuid den iarratas pleanála a phróiseáil, caithfear Cead follasach a fháil ón Géillsineach Sonraí . Ní mór don Géillsineach Sonraí an fhoirm iarratais phleanála a shíniú agus a dhátú ag alt 3.7. **Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir leis an gcomhairleoir / gníomhaire pleanála an dearbhú seo a shíniú thar ceann an iarratasóra**

Tabhair faoi deara freisin gur féidir an próiseáil ar d'iarratas pleanála a moilliú muna bhfuil Alt 3 comhlíontach agus comhlánaithe ina iomláine.

Alt 4 - Faisnéis Breise (le chómhlanú go hiomlan do gach saghas iarratais)

- 4.1. Má thugtar cead don iarratas seo cad atá beartaithe agat deanamh leis? Cuir tic sa bhosca cuí
Má ta sé beartaithe agat é a úsáid le haghaidh ligan gearrthreimhseach/saoire caithfear é seo a rá ins an cur síos ar an tógra ar an foirm, ar an fógra suíomh, agus ar an fógra nuachtáin
- 4.2. (i) Sonraigh na n-ábhar agus na dathanna a úsáidtear ar na structúir inmheánach, mar shampla, adhmaid, cóinchréit nó gloine.
- (ii) Sonraigh na n-ábhar, dathanna agus an críochnú seachtrach a bheadh ar an structúr, mar shampla adhmaid, cóinchréit, agus gloine.
- 4.3. Más iarratas do sineadh teach é seo, an bhfuil sé i gceist agat an sineadh a úsáid mar aonad conaithe as féin/arasán seanóra (granny flat). Más amhlaidh, caithfadh tú táille €65 a ioc as. Cuir tic sa bhosca, agus caithfadh tú é seo a rá san fógra suíomh, an fógra nuachtáin agus san cur síos ar an tógra ar an foirm.
- 4.4. Léirigh más túsa úinéir do aon chuid den talamh atá ceangailte, in aice nó ag sineadh leis an suíomh
- 4.5. Aon **talamh atá ceangailte, in aice nó ag sineadh leis** an talamh atá le forbairt agus atá faoi smacht an iarratasóra nó an duine atá in úinéireacht na talún faoi iarratas, a bheith **imlínithe le dath gorm**. Mar shampla, má tá feirm agat, ach ní baineann ach píosa beag ar an talún leis an iarratas, cur imlíne le dath dearg ar an suíomh ata ag iarradh cead pleanála, agus ansin imlíne gorm timpeall an talún/feirm go léir.
- 4.6. Faoi Alt 37A don Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, faoi mar a leasaíodh, caithfear iarratais a baineann le ‘Forbairt Bonneagar Straiteiseach’ a sheol díreach go dtí An Bórd Pleanála. Má tá ceisteanna agat faoin ceist seo is féidir leat teagmháil leis An Bórd Pleanála *ar-line* ag www.pleanala.ie
- 4.7. Má tá stáblaí i gceist mar chuid den fhorbairt atá beartaithe cuir *tic* sa bosca ‘is ea’ agus freagar ceist 6.8 & 6.9 ar Alt 6 (Sonraí iarratais Talmhaíochta) ar an foirm

Alt 5 - SONRAÍ IARRATAIS NEAMH-TÍS AGUS NEAMH-TALMHAÍOCHT

Tá leathnach 11 don foirm (ceisteanna 5.1 – 5.7) ag deileál le h-iarratais tionsclaíoch, gnó, fiontar, miondíol agus trachtála. Is féidir leat bileog breise a úsáid agus tú ag tabhairt freagra do roinnt dos na cheisteanna seo, ach má usáidfear bileog breise bí cinnte go bhfuil tagairt faoin eolas breise seo ar an foirm

- 5.1. Sonraigh le do thoil, an úsáid atá beartaithe don forbairt. Cad é an cineál gnó a bheadh ar siúl ar an suíomh? Liostaigh na amh-ábhar a bheadh á úsáid ar suíomh. Déan cur síos ar an deantúsaíocht, agus liostaigh na táirgí nó earraí a bheadh deanta ann.
- 5.2. Má tá aon astaíocht táirgeadh ar suíomh, m.sh. deatach, boladh, torann, dusta, rle mar toradh ar an próiseas, tabhair sonraí faoi, agus luaigh cad atá socraithe agat chun iad a rialú. Má tá ceadúnas Rialú Comhtháite ar Thruailliú agat chun na astaíochtaí seo a rialú, caithfear é seo a rá.
- 5.3. Tabhair sonraí ar gach eisilteach leachta agus dramhaíl sholadach a bheith deanta mar toradh ar an próiseas atá i gceist san
Forbairt seo. Dean cur síos ar na modhanna diúscartha atá in intinn agat do aon eisilteach nó dramhaíola soladach a tháirgtear ar an suíomh. Bí cinnte go bhfuil tú ag cur síos freisin ar conas a mbeadh an séarachas chóireáilte agus / nó a dhiúscairt ar an suíomh.
Tabhair faoi deara, Má tá gá le ceangal chuig uisce dromchla agus séarach bréan ansin ní mór saghas, cuntas agus grádán na ndraenacha a léiriú ar na pleananna.

5.4. Tabhair sonraí faoi líon measta na bhFostaithe ar suíomh.

Tabhair sonraí faoin trácht measta a cheaptar a ghinfear ar suíomh, comh fada agus is eol duit. Tabhair tracht ó na fostóirí agus custaiméirí faoi deara agus tú ag deanamh meastacháin ar an méid tracht a bheith i gceist.

5.5. Tabhair sonraí faoi an soláthar uisce atá ann agus conas a bheith sé á úsáid san phróiseas agus fuarú agus tabhair sonraí teochta an uisce. Inis duinn an méid uisce a bheadh á úsáid go laethúla agus an modh diúscartha .
Luaigh é má tá ceadúnas diúscartha uisce agat.

5.6. Tabhair sonraí faoi Soláthar Fuinnimh/Cumhachta atá beartaithe don forbairt i.e. ola, gais, leictreachas 7rl

5.7. Tabhair sonraí maidir leis an stóráil oscailte agus clúdaithe atá beartaithe do aon abháir nó táirgí ar suíomh. Luaigh an cineál abhair atá i gceist agus an áit ina bheadh said storálta, láistigh nó lánmuigh dos na foirgneamh. Bí cinnte go bhfuil sonraí storála luaite agat má tá aon ábhar contúirteach i gceist. Liostaigh aon nósanna imeachta sábháilteachta agus prótacail atá in áit agat dos na h-ábhair contúirteach sin.

Alt 6 - SONRAÍ IARRATAIS THALMHAÍOCHT

Baineann ceisteanna 6.1 – 6.22 le iarratais do forbairtí Talmhaíochta. Muna baineann do iarratas le forbairt um talmhaíochta, nó muna bhfuil stábla beartaithe agat i do iarratas, téir díreach go dtí cheist 6.8 & 6.9.

6.1. Tá 21 Aonaid Báinisteoireachta d’Uisce abhainn/locha (iomlán nó chuid de) i Contae Chorcaí. Tá siad deanta suas as Comhlachtaí Uisce a bhfuil ina fo-aonad comhtháithe sa cheantar abhantraí. Tá na h-Aonaid Báinisteoireachta Uisce ann chun báinistiú a dheanamh ar Comhlacht Uisce. Tá na Comhlachtaí uisce sainithe agus leagtha amach ag an nGníomhaireacht Cosanta Comhshaoil mar chuid den Chreat-Treoir Uisce. Is é an Comhlacht Uisce an t-aonad amháin atá intuairiscithe go dtí an Eoraip. Ní mór duit gach gníomhú nó bearta a glacadh faoin Creat-Treoir Uisce a thuarisciú ag leibhéal an Comhlacht uisce, mar Shampla, gníomhú cosúil le, scrúdú feirme, scrúdú ar umar séarachas, áth-bhreithniú ar cheadúnas úrscaoileadh, Iarratas Pleanála (ceadaithe nó diúltaithe), nó Clár Infheistíochta Seirbhísí Uisce (WSIP) ,7rl
Is cód alfa-uimhriúla é an chód corpán uisce (msh. IE_SW_19_755), agus is feidir leat é a fháil ón suíomh gréasán seo i leanas : www.wfdireland.ie, (cliceáil ar na learscáil uisce ar an suíomh)

6.2. Cad é an fad idir an clós feirme agus an teach cónaithe tríú páirtí is gaire. Taispeáin é seo ar an leagan amach don suíomh no leagan amach an feirm. Cíallaíonn ‘Triú páirtí’ aon talamh nó structúr atá congarach le do talamh ach nach bhfuil i do úinéireacht.

6.3. Luaigh an fad idir an clós feirme agus an sruthchúrsa is gaire i.e. sruth nó abhainn. Ba cheart go mbeadh sé seo léirithe ar an leagan amach an suíomh nó leagan amach an feirm freisin.

6.4. Sonraigh an úsáid atá beartaithe don fhoirgneamh.

6.5. Sonraigh fad an fhoirgnimh/na bhfoirgneamh ó fhoirgneamh/foirgnimh atá in aice leis an suíomh ach nach bhfuil i do úinéireacht nó ar do talamh. Léirigh aon foirgnimh atá ar chaon taobh, chun tosaigh nó ar gcúl do forbairt. Ba cheart go mbeadh siad seo léirithe ar an leagan amach an suíomh nó leagan amach an feirm freisin.

6.6. Líon isteach na boscaí atá cuí ag taispeáint meánuimhir na h-ainmhithe atá le coinneáil ar an bhfeirm

6.7. Líon isteach na boscaí atá cuí ag taispeáint an méid ainmhí a bheith i gceist i dianfhiontair thalmhaíochta.

6.8. Líon isteach sna boscaí cuí an méid agus cineál ainmhithe atá le coinneáil sa bhfoirgneamh beartaithe.

6.9. Caithfear an cheist seo a líonadh má tá stáblaí i gceist mar chuid de iarratas conaithe, tionsclaíoch agus/nó talmhaíocht é. Sonraigh an úsáid a bhainfear astu:

6.10. Tabhair sonraí faoin méid & cineál sadhlais a tháirgtear sa bhliain

6.11. Tabhair sonraí faoi na chlósanna oscailte salacha, nó clósanna oscailte do bheathú, a úsáideann na hainmhithe go rialta. Taispeáin ar an leagan amach don suíomh nó an leagan amach don feirm é.

6.12. Cé mhéad heicteár faoi do chúram nó faoi úinéireacht agat? Caithfidh go mbeadh se seo le feicáil ar na léirscáil suíomh. Bí cinnte go bhfuil gach talamh faoi do úinéireacht léirithe le imlíne gorm timpeall ar.

6.13. Cén soláthar uisce atá ag an bhfeirm? Bí cinnte go bhfuil an freagar anseo comhfreagrach le do freagar do cheist 27

6.14. Tabhair an freagar 'Sea' nó 'Ní hEa' don cheist seo. (cur isteach data an cuairt is deanaí má tá sé ar eolas agat).

6.15. Déan tagairt ar I.R. Uimh. 31 de 2014 (a dtugtar Rialacháin Níotráití freisin)- agus aon rialacháin eile a leanas ina dhiadh sin chun a bheith cinnte go bhfuil an forbairt atá beartaithe comhlíontach le Rialacháin an Aontas Eorpach. Cuir 'Sea' nó 'Ní hEa' anseo.

6.16. An bhfuil tástálacha anailíse ithreach déanta ar do chuid tailte? Má bhfuil, tabhair an dáta is deanaí má tá sé ar eolas agat.

6.17 – 6.22. Dos na cheisteanna seo, is feidir leat na sonraí a thaispeáint ar an **Thaifead na Structúr Feirme** (le fáil ag deireadh an foirm iarratas), nó ar an leagan amach don suíomh/feirm, nó ar na learscáil suíomh.

Tá na notaí seo thíos ann le cabhrú leat le do iarratas talmhaíochta. Is moltáí iad na notaí seo, faoi conas a líonfa na cheisteanna. Bhí siad curtha le chéile i gcomhoibriú leis an Rannóg Comhshaol.

Ar a laghad ba cheart go mbeadh na rudaí seo i leanas san áireamh:

- Leagan amach don suíomh ar scála 1:500 ag taispeáint go soléir gach structúr atá ann cheana, agus gach structúr atá beartaithe, tobair thollta, agus sruthcúrsaí, atá láistigh do teorainnaí an suíomh. Ba cheart go mbeadh sé seo cros-tagartha leis an Thaifead na Structúr Feirme, le uimhir tagairt ag gach structúr. Ba cheart go mbeadh aon structúr, teach, tobar nó sruthcúrsa atá in aice nó i gcomharsanacht na talún nó an structúir léirithe freisin ar an leagan amach
- Thaifead nó liosta dos na structúr feirme ag taispeáint gach structúr atá ann cheana agus gach structúr atá beartaithe. San áireamh anseo tá foirgnimh, umair, clósanna, silo, naprúin, 7rl agus an ollspás urlár ar gach ceann (oll-toilleadh umar, riomhadh ag úsáid tomhais inmheánach), agus na úsáidí atá ann cheana, agus na úsáidí atá beartaithe. Tá an foirm don Thaifead na Structúr Feirme le gabhail leis an leabharán seo.
- Liníocht don leagan amach ag taispeáint an coras draenáil do uisce stoirme ó díonta agus limistéar concreit glán, le feicáil san dath Gorm
- Liníocht don leagan amach ag taispeáint an coras draenáil i gcóir uisce salach, eisiltigh sadhlais 7rl, atá ann cheana, agus atá beartaithe, agus Umair atreorú, sa dath dearg. Taispeáin freisin cá h-áit a mbeadh said ag úrscaoileadh. Taispeáin go soléir aon clós salach ar na liníochtaí agus ar an thaifead do structúr feirme.
- Taispeáin ar an leagan amach na bealaí ghluaiseacht rialta atá ag na beostoc, go h-áirithe na ba déiríochta a bheith ag gluaiseacht dhá uair sa lá. Luaigh an plan atá agat chun déileáil leis an uisce salach sna h-aiteanna seo.
- Pleananna, ingearchlónna agus gearrthacha ag taispeáint go soléir na sonraí don forbairt agus ag taispeáint cé comh oiriúnach is a bheidh an forbairt nua leis an méid structúr atá ann cheana féin.
- Luaigh an méid, aois, agus cineál beostoc a bheith le coinneáil ar an bhfeirm, agus luaigh an méid, aois agus cineál a bheith le coinneáil i gach structúr sa chlós feirme. Léirigh na h-áiteanna ina bheidh an eisiltigh ghinte bailithe suas agus stórála. Léirigh an cineál umar stóráil eisiltigh atá i gceist, msh. oscailte, clúdaithe, le lataí, nó istigh i structúr clúdaithe atá ann cheana nó atá beartaithe.

- Tabhair sonraí faoi aon tithíocht eile do beostoc, nach bhfuil ar an suíomh seo, atá le n-úsáid ag an iarratasóir i rith an geimhreadh, Cuir leirscáil don suíomh agus sonraí faoi na áiseanna i ghabhail le do cáipéisí anseo.
- Taispeáin an méid heictéar glán atá i do úinéireacht, agus an méid heictéar don talamh atá ann le aoileach orgánach a leathadh
- Luaigh an méid agus cineál ainmhí a bheidh lonnaithe i limistéar leaba cochán . Léirigh an plean atá agat chun déileáil leis an aoileach san treimhse ina bheidh na h-ainmhí anseo.
- Má tá aoileach orgánach (sciodair, aoileach éanlaith chlóis, sloda) le iomportáil go dtí, nó easportáil ón feirm, tabhair sonraí faoin saghas, méid, foinse/áit a bhfuil sé ag dul. Tabhair sonraí freisin faoin áit ina bhfuil sé storálta ar an ferim roimh é a leathadh, más cuí
- Ba cheart go mbeadh an méid sciodar, eisiltigh, nó uisce salach ghinte ar an feirm riomhadh ag cloí le I.R. Uimh. 31 de 2014, Rialacháin an Aontas Eorpach (Dea-chleachtas Talmhaíochta do chaomhnú na nUiscí) 2014 agus aon rialacháin eile a leanas ina dhiadh sin.
- Ba cheart go mbeadh an toilleadh stórála ar áiseanna stóráil do sciodar, eisiltigh agus uisce salach (atá ann cheana, agus atá beartaithe) san chlós feirme riomhadh ag cloí le I.R. Uimh. 31 de 2014, Rialacháin an Aontas Eorpach (Dea-chleachtas Talmhaíochta do chaomhnú na nUiscí) 2014 agus aon rialacháin eile a leanas ina dhiadh sin.
- Má tá áiseanna leaba cochán beartaithe agat i gcóir beostoc, ba cheart go mbeadh laithrean beathú agus a fheidhmiú/aclaíocht léirithe go soléir, agus an limistéir chun an sciodar, agus an uisce salach a bailiú agus a stóráil ar fáil
- Taispeáin go soléir an treo ina bheidh an iarratasóir ag dul ag cloí le I.R. Uimh. 31 de 2014, Rialacháin an Aontas Eorpach (Dea-chleachtas Talmhaíochta do chaomhnú na nUiscí) 2014, agus aon rialacháin eile a leanas ina dhiadh sin mar gheall le toilleadh stórála ar sciodar, eisiltigh agus uisce salach.
- Má tá umar concreit nó cruach thar-talamh beartaithe agat, tá seans ann go mbeadh bunda chré a teastáil chun aon sruthchursa lagchuidiú a cosaint ó úrscaoileadh timpisteach ón umar. Ní h Ea sláine na n-umar atá i gceist; áfach, d'fhéadfadh mar thoradh ar earráid dhaonna comhlaí a bheith fágtha ar oscailt as a doirteadh. Is leor bunda chré iarghúlta a úsáid chun cosaint ón baol seo.
- Ba cheart go mbeadh an Taifead Structúr na feirme agus na pleananna comhsinithe ag an iarratasóir roimh iad a chur isteach go dtí an oifig pleanála, chun a bheith cinnte go bhfuil an úinéir/iarratasóir ag togaint úinéireacht agus freagracht as an iarratas.
- Tabhair faoi deara sna plean aon umar díosail le bunda.
- Caithfidh go mbeadh gach obair togáil ag dul ag cloí le sonraíochtaí an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Déan teagmháil leis an Roinn chun na sonraíochtaí sin a fheicáil, nó feach ar suíomh gréasán an Roinn.
- Ba chóir go mbeadh aon dramhaíl tógála a dhiúscairt i gcomhréir leis na hAchtanna um bainistíochtaí dramhaíola 1996-2011, agus má tá tú chun an dramhail seo a thogaint as an suíomh bí cinnte go bhfuil é tugtha go dtí ionad ceadaithe agus ceadúnaithe.
- Bí cinnte go bhfuil gach cápéis soléir agus so-léite.

Tá na Rialacháin a dtagraítear anseo le feicáil ar suíomh gréasán an Roinn Tithíochta, Pleanail agus Rialtas Áitiúil (www.environ.ie), nó is feidir leat cóip a fháil ón Oifig Foilseachán Rialtais.

Notaí faoi comhlánú an Thaifead na Struchtúr Feirme

Tá an aicmiú ar na foirgneamh a bheith á úsáid agus tú ag ullmhú an Thaifead na Struchtúr Feirme díreach mar atá siad sna Rialacháin Pleanáil agus Forbairt 2001 S.I. 600/2001, Forbartha Talmhaíochta.

Is liosta bunúsach dos na h-aicmí eagsúla a úsáidtear sa tabla. Chun cur síos iomlán a fheicáil féach ar na rialacháin atá ainmnithe thuas.

Aicme 6 Structúr le díon do thithíocht eallaigh, caoirigh, gabhair, asal, fianna, nó coiníní.

Aicme 7 Structúr le díon do thithíocht muc, minceanna, nó éanlaith chlóis.

Aicme 8 Cubhachail gan díon, Clósanna scaoilte oscailte, silo fein-beatha nó limisteir sadhlais, naprún beatha, Clósanna tionól, Parlús crúite, nó structúr ina bheidh sadhlais á dheanamh nó á stóráil, nó aon structúr don cineál sin.

Aicme 9 Stór, scioból, bothán, teach gloine, nó structúr eile, seachas na cinn atá liostaithe thuas faoi aicme 6, 7, nó 8.

A: Structúr atá sa chlós Feirme cheana.

Tabhair na buntomhais inmheánach ceart do gach foirgneamh agus structúr sa chlós feirme agus tabhair cur síos soléir ar an úsáid atá ar gach ceann (msh. Sciobal fear, teach cubhachail, nó silo le ballaí). Ba cheart go mbeadh na buntomhais tugtha go dtí an pointe deachúil is gaire (Msh. 3.2m in ionad 3.185m).

Ba cheart go mbeadh na tomhais ar gach clós tugtha freisin. Is feidir leat bileog ar bhréis a úsáid má tá níos mó spás a teastáil agat agus tú ag scríobh. Ní mór gach foirgneamh, structúr agus clós a bheith á taispeáint agus sainaitheanta go soléir ar na liníochtaí. Má tá structúr le umar eisiltigh ann caithfear an uimhir aitheantas a cur isteach san colún ar a dtugtar ‘úrscaoileadh go...’

B: Structúr nua Beartaithe

Tabhair na buntomhais agus cur síos ceart do gach foirgneamh agus structúr sa chlós atá beartaithe (N.B. Feach ar Nóta ‘D’ thíos más stór do sciodar nó uisce salach atá i gceist). Ba cheart go mbeadh gach foirgneamh etc. le feicáil go soléir agus sainaitheanta ar na liníochtaí cuí. . Má tá structúr le umar eisiltigh beartaithe caithfear an uimhir aitheantas a cur isteach san colún ar a dtugtar ‘úrscaoileadh go...’

C: Stóir sciodar agus uisce salach atá ann cheana

Tabhair na buntomhais ar gach stór sciodar, eisilteach, uisce salach, ionad aoiligh, nó poll aoiligh. Ba cheart go mbeadh siad seo le feicáil go soléir agus sainaitheanta ar na liníochtaí cuí. Tabhair an toilleadh atá ar gach umar go dtí an meadar ciúbach is gaire. [Tabhair faoi deara gur ceart duit tomhas doimhneacht aon umar a fháil ag úsáid báta nó slat. Ná téir isteach san umar aon ám, fiú má ta se folamh]

Déan cur síos san colún ainmnithe ‘Cur Síos’ ar an cineál umar atá ann, sonraigh an ábhar as atá sé déanta. San colún ‘ Cineál eisiltigh atá stórála’ déan cur síos ar an saghas eisiltigh atá á stóráil (sciodar, eisiltigh sadhlais, uisce salach nó nóchain parlús) 7rl.

D: Stóir i gcóir sciodar agus uisce salach atá beartaithe

Tabhair na buntomhais ar gach stór sciodar, eisilteach, uisce salach, ionad aoiligh, nó poll aoiligh atá beartaithe. Ba cheart go mbeadh siad seo le feicáil go soléir agus sainaitheanta ar na liníochtaí cuí. Tabhair an toilleadh atá ar gach umar go dtí an meadar ciúbach is gaire. Déan cur síos san colún ainmnithe ‘Cur Síos’ ar an cineál umar atá beartaithe, sonraigh an ábhar as atá sé déanta. San colún ‘ Cineál eisiltigh atá stórála’ déan cur síos ar an saghas eisiltigh a bheidh le stóráil (sciodar, eisiltigh sadhlais, uisce salach nó nóchain parlús) 7rl.

Dean teagmháil leis an Comhairle Contae Chorcaí má tá cabhar á teastáil agus tú ag lionadh an foirm.

Ní thugann cead pleanála as féin cead d’iarratasóir dul ar aghaidh le forbairt. B’fhéidir go dteastódh cúpla toil eile ón iarratasóir, ag brath ar an gcineál forbartha. Mar shampla, ní mór go gcloífeadh gach foirgneamh nua, gach athrú, síneadh agus aon athruithe áirithe ar úsáid i gcás foirgneamh atá ann cheana le rialacháin thógála, a leagan síos bunriachtanais dearaidh agus tógála.

Ní mór duit na foirmeacha a líonadh isteach agus iad a seoladh go dtí an Oifig Pleanála cuí.
Comhairle Contae Chorcaí

Oifig Halla an Chontae

An Rannóg Pleanála
 Halla an Chontae
 Bóthar Charraig Ruacháin
 Corcaigh, T12 R2NC

Guthán: (021)4276891

Faics : (021)4276321

Oifig Pleanála Corcaigh Iarthair

Teach Norton Guthán:(028)40340
 Bóthar Chorcaí Faics : (028)21660
 An Sciobairín
 Co.Chorcaí, P81 AT28

Suíomh Greasán: www.corkcoco.ie

Liosta dos na Nuachtáin atá ceadaithe i gcóir an Fógra Nuachtáin agus tú ag deanamh iarratas pleanála

Ainm an Nuachtáin	Ceantair ina bhfuil sé faofa
Irish Examiner	Gach áit sa chontae
Irish Independent	Gach áit sa Chontae
Irish Times	Gach áit sa Chontae
The Evening Echo	Gach áit sa Chontae
The Corkman Eagrán An Corcaigh Thuaidh Eagrán Muscraí Eagrán Avondhu	Ceantar an Corcaigh Thuaidh An Ceantar Muscraí le Maigh Chromtha, Baile Mhuirne & Na hUamheanna san áireamh
The Southern Star	An Chontae go léir ach amhain an Corcaigh Thuaidh
The Mallow/Vale Star	Ceantar an Corcaigh Thuaidh, le Rath Luirc, Mala, Cill na Mullach, Lios Cearúil, Dún ar Ail, Cill na Mhuilinn, Caisleán na Maignéir, Mainistir na Morna, Baile Nua Sheandroma, Áth an Mhuilinn, Cill Broin, Baile Cloch, Baile an Teampaill, Tulach Leis, Drom Atháin, Cnoc an Teampaill, Baile Uí Aodha, Ceann Toirc, Tigh an Dá Phota, san áireamh
The East Cork Journal	Áth Fhada, An Geata Bán, An Cóbh, Mainistir na Corann, Eochail, Cill La, Cluain Uamha, Baile na Martra, Gleann Maghair, Carraig Thuaitheail, Baile Choitín
The Avondhu	Mainistir Fhear Maí, Baile Mhisteala, Carraig na bhFear, Gleann an Phréacháin
The Carrigdhoun	Carraig Uí Leighin, An Pasáiste Thiar, Baile na Manach, Rinn Uí Scidigh, Dúbhglas, Bun an Tabhairne, Cionn tSáile, Mainistir Bán, Trácht Fhionn, Baile Garbháin

Sceideal a 9
Cuid 12
Táillí do Iarratais Pleanála
Alt 1

Léirmhíniú

1. Don sceideal seo, nuair is cuí, ciallaíonn ‘soláthrú’ teach, foirgneamh, nó structúr eile
 - (a) Oibreacha a dheanamh
 - (b) Athrú ábhartha ar úsáid atá ar structúr, nó
 - (c) Cead coinneál ar forbairt atá neamh-údaraithe

2.
 - (a) Faoi réir mhír (b), ag tagairtí 6, 7, agus 12 de gcolún 1 d’alt 2 den sceideal seo, Beidh coinneáil ar úsáid ‘neamh-údaraithe’, agus le comhlíonadh na n-oibreacha nó coinneáil struchtúir, ar, i nó faoi thalamh a ghabhann leis an úsáid, san áireamh faoin téarma “úsáid talún”
 - (b) Ag tagairt 11 do colún 1 d’alt 2 don sceideal seo, ní bheidh oibreacha ar teach-chlub nó áiseanna mar sin á úsáid ag daoine san chúrsa galf, nó cúrsa galf dhá-mhaide, nó coinneáil ar na rudaí sin, san áireamh faoin téarma “úsáid tálún”

Alt 2

Scála dos na Táillí do Iarratais Pleanála

Colún 1 Cineál Forbartha	Colún 2 Táille	Colún 3 Táille ar cead coinneál
1. Teach	€65	€195 nó €2.50 do gach meadar cearnach do ollspás úrlár atá i gceist san iarratas, cibe acu is mó
2. (a) Oibreacha a baineann le cothabháil, feabhsúchán, nó athchóiriú ar teach atá ann cheana (Ag áireamh oibreacha cosúil le sineadh ar teach, nó athchóiriú garáiste, séid stórála, nó aon structúr éile mar sin, chun é a úsáid mar chuid den teach) (b) Aon obair cosúil le structúr a togáil nó é a athrú, laistigh de, nó ar an teorann de chuirtealáiste de teach atá ann cheana, chun go mbeadh sé coimhdeach ag an teach	€34 €34	€102, nó €2.50 do gach meadar cearnach do ollspás úrlár atá i gceist san iarratas, cibe acu is mó €102, nó €2.50 do gach meadar cearnach do ollspás úrlár atá i gceist san iarratas, cibe acu is mó
3. Foirgnimh nó structúir eile i gcóir úsáidí talmhaíochta, nó chun cúnna a choimead.	(i) Más foirgnimh atá ann, is é €80an táille ata ann do gach aon foirgneamh, nó €1 do gach m2 breis ar €50 I gcás foirgneamh chun cúnna a choimead, nó €1 do gach m2 breis ar 200m2 i gach cás eile. (ii) I gCás aon structúr eile, is é	(i) Más foirgnimh atá ann, is é €240 an táille ata ann do gach aon foirgneamh, nó €3 do gach m2 breis ar €50 i gcás foirgneamh chun cúnna a choimead, nó €3 do gach m2 breis ar 200m2 i gach cás eile. (ii) I gCás aon structúr eile, is é

	€80 an foirgneamh, le €300 mar an Úasmhéid .	€240 an foirgneamh, le €900 mar an Úasmhéid .
4. Foirgnimh seachas na cineál atá liostaithe i tagairt 1, 2, nó 3	€80 do gach foirgneamh, nó €3.60 do gach meadar cearnach do ollspás úrlár, cibe acu is mó	€240 do gach foirgneamh, nó €10.80 do gach meadar cearnach do ollspás úrlár, cibe acu is mó
5. (a) Talamh neamhshaothraithe, nó áiteanna leath-nadurtha a úsáid i gcóir úsáidí talmhaíochta dian. (b) foraoisiú tosaigh (c) speicis bhuaircíneacha a cur in áit, in ionad na n-dhuille leathan foraoise árd (d) Baint Móna	(a) €5 do gach heictear do achar an suíomh (b) €5 do gach heictear do achar an suíomh (c) €80, nó €5 do gach heictear do achar an suíomh, cibe acu is mó (d) €5 do gach heictear do achar an suíomh	(a) €15 do gach heictear do achar an suíomh (b) €15 do gach heictear do achar an suíomh (c) €240, nó €15 do gach heictear do achar an suíomh, cibe acu is mó (d) €15 do gach heictear do achar an suíomh
6. Talamh a úsáid i gcóir – (a) Mianraí a aimsiú agus a obair (b) Bruscair nó dramhaíola a thaisceadh	€500, nó €50 do gach 0.1 heictear do achar an suíomh, cibe acu is mó	€1500, nó €150 do gach 0.1 heictear don achar an suíomh, cibe acu is mó
7. Talamh a úsáid i gcóir (a) puball, campálaí, carbhán nó structúr eile (cibe acu atá, nó nach bhfuil sé inaistrithe nó infhillte) i gcóir úsáidí campáil, nó chun earraí a dhíol (b) Feithiclí motair a pháirceáil (c) Feithiclí motair nó rudaí, nó substaintí eile a stóráil go h-oscailte	€80, nó €50 do gach 0.1 heictear do achar an	
8. Gléasra nó innealra a cur ar fáil ar, i, os cionn, nó faoi talamh, nó umair, structúir (seachas foirgnimh) le n-úsáid i gcóir stórála		
9. Structúr nua a thógáil chun fógráin a thaispeáint, nó structúr atá ann cheana féin a úsáid chun fógráin a thaispeáint air	€80, nó €20 do gach meadar cearnach, nó cuid de, don spas fógra atá le fail, cibe acu is mó	€240, nó €60 do gach meadar cearnach, nó cuid de, don spas fógra atá le fail, cibe acu is mó
10. Línte tarchur nó línte dáilte atá lastuas chun leictreachas a sheoladh, nó línte teileachumarsáide lastuas	€80, nó €50 do gach 1000 meadar ar fad, nó cuid de. Cibe acu is mó	€240, nó €150 do gach 1000 meadar ar fad, nó cuid de. Cibe acu is mó
11. An talamh a úsáid mar cúrsa galf, nó mar cúrsa galf dhá mhaide	€50 do gach heictear don suíomh	€150 do gach heictear don suíomh
12. An talamh a úsáid mar reilig	€200, nó €50 do gach heictear den suíomh, cibe acu is mó	€600, nó €150 do gach heictear den suíomh, cibe acu is mó
13. Forbairt nach bhfuil san aireamh in aon ceann dos na cineál luaite thuas	€80, nó €10 do gach 0.1 heictear den suíomh, cibe acu is mó	€240, nó €30 do gach 0.1 heictear den suíomh, cibe acu is mó

Alt 3

Úasmheid agus Íosmhéid ar táillí do Iarratais Pleanála

1. Is é €28,500 an Úasmhéid le n-íoc do aon Údarás Pleanála le haghaidh iarratas do cead imlíneach.
2. Is é €9,500 an Úasmhéid le n-íoc ag iarratasóir le haghaidh iarratas faoi Airteagal 161
3. Is é €125,000 an Úasmhéid le n-íoc ag iarratasóir do aon Údarás Pleanála le haghaidh iarratas do cead coinneál ar forbairt neamh-údaraithe.
4. Do aon cineál iarratas, seachas na cineál atá liostaithe faoi mír 1, 2, nó 3, is é €38,000 an Úasmhéid le n-íoc ag an iarratasóir go dtí an Údarás Pleanála.
5. Is é €34 an Íosmhéid le n-íoc ar aon iarratas Pleanála. I gcásanna ina dhéanadh an údarás aisíoc ar cuid de táille iarratas plenála, ní bheadh an aisíoc in ann iarmhéid an táille a laghdú go dtí níos lú ná €34.

Sceideal 10

Táillí Eagsúla

Colún 1	Colún 2 Táille
Aighneacht nó Barúlacht ar Iarratas Pleanála	€20
Eileamh i gcóir Dearbhúchán faoi Alt 5 don Acht	€80
Iarratas faoi Alt 42 don Acht	€62

I gcomhréir le na riachtanais don plean Íocaíochtaí Naisiúnta atá ag an Rialtas, tabhair faoi deara ó 19ú Meán Fomhair 2014 níl an Comhairle Contae Chorcaí in ann glacadh le seiceanna ó, nó iad a eisiúnt do gnóthaí

Tá se seo i gcomhréir leis na riachtanais a bhaineann le ‘e-day’ (lá leictreónach).

Seo a leanas na roghanna malartacha atá ann faoi lathair agus tú ag íoc as do táille pleanála :-

1. Íocaíochtaí le cartaí creidmheasa
2. Ordú Phoist
3. Dreacht Bainc
4. Airgead Tirim
5. Aistriú Leictreónach Airgead *

* Tá an Rannóg Pleanála in ann glacadh le íocaíochtaí do h-iarratais pleanála déanta trí Aistriú leictreónach airgead (ALA no EFT) i gcomhréir leis na protacál seo a leanas amhain:

1. Caithfear gach íocaíocht a dheanamh trí Euro.
2. Ar aistriú bainc caithfear an eolas seo a leanas a thabhairt ag tagairt an íocaíocht:
 - Léirigh gur **táille irratas pleanála** é
 - Ainm an iarratasóir
 - Ainm an duine nó an comhlacht ata ag íoc as an táille muna bhfuil an iarratasóir féin ag íoc as an iarratas.
3. Caithfear nóta seoltán a cuir leis an iocaíocht le na sonraí seo a leanas
 - An Dáta agus an méid iochta isteach sa chuntas banc Comhairle Contae Chorcaí
 - Ainm agus seoladh an iarratasóir
 - Sonraí faoi cad a bhfuil an íocaíocht le haghaidh
 - I gcas go bhfuil iocaíocht déanta a cludaíonn roinnt inderbhearta eagsúla,
 - Caithfear sceideal agus briseadh síos ar an iocaíocht a thabhairt.

Caithfear an nóta seoltán a seoladh trí ríomhphoist go: planninginfo@corkcoco.ie , Ba choir duit cóip don nóta sin a cuir leis iarratas pleanála nuair atá sé á loisteáil

4. Tabhair suas go dha lá oibre, le do thoil, don íocaíocht teacht chuig ár gcúntas bainc sula loisteálfaidh tú do iarratas chun go mbeimid cinnte go bhfuil an táille iochta
5. Déan deimhin go bhfaighfidh an Comhairle an táille ina iomlán. Caithfear íocaíochtaí táillí a dheanamh gan aon táille duinn mar an íocaí.

Nóta: Ní bheidh an Rannóg Pleanála freagrach as aon íocaíochtaí déanta go dtí chúntas an Comhairle Contae Chorcaí nach bhfuil inaitheanta de bharr easpa sonraí.

Ma tá ceist ar bith agat déan teagmháil, le do thoil, leis an Rannóg Pleanála ag: planninginfo@corkcoco.ie

Sonraí Bainc ALA (EFT)

Ainm an Cuntas:-	Cork County Council
Cód Sortáil an Bainc:-	93 41 78
Brainse Bainc:-	AIB Bank, 66 South Mall, Cork
Uimhir Cúntas:-	80919018
BIC:-	AIBKE2D
IBAN:-	IE37 AIBK 934178 80919018

Clinicí Réamh-Phleanála & Comhairliúcháin Réamh-Iarratas

Faoi alt 247 don tAcht um Pleanáil agus Forbartha 2000, tá cead ag éinne le leas i dtalamh éigin, comhairliúcháin réamh-iarratas a iarradh i ndáil le forbairt beartaithe.

Clinicí Réamh-Pleanála

Soláthraíonn an Rannóg Pleanála don Comhairle Contae Chorcaí cruinniú (duine le duine) ag na oifigi áitiúil faoi Alt 247 don 2000 Acht. Mar sin caithfidh go mbeadh na cruinniú clinici ag gceoi le critéir dhiana an reachtaíocht. Seo a leanas na critéir:

- ❖ Beidh uimhir tagartha ar leith tugtha do gach cruinniú réamh-pleanáil oifigiúil agus ansin beimid in ann an uimhir sin a nasc leis an iarratas pleanála a dtággann isteach mar toradh ar an cruinniú réamh-pleanáil (Ceist 2.19 ar an foirm iarratas Pleanála)
- ❖ Beidh cuntas don ám, áit agus na sonraí go léir faoin cruinniú le feiceáil ag an pobal nuair a bheidh cinneadh déanta ar an iarratas pleanála.
- ❖ Caithfear 2 chóip iarratas i gcóir cruinniú a dhéanamh i scríbhinn nó iarratas leictreonach a seoladh chugainn le na rudaí seo a leanas san áireamh:-
 - Litir clúdach le ainm, seoladh agus uimhir guthán an úineir/iarratasóir ag sonrú aon ceangail leis an cheantar, má bhfuil tú i do conaí sa cheantar, nó ma bhfuil tu ag obair ann, cé chomh fhada?
 - Sonraí faoin tógra
 - Léarscáil don suíomh ag taispeaint an suíomh go soleir, más rud e go bhfuil an suíomh ar gabhaltas talún teaghlaigh caithfear léarscáil a thabhairt do imlíne an feirm agus é ag léiriú aon tithe eile ar an talún
 - Dreacht don leagan amach agus dearadh an teach (Is feidir linn glacadh le griangraifeanna in ionad liníochtaí)
 - Litir ag deimhniú gur úineir ar an talún é an iarratasóir nó litir ón uineir ag tabhairt cead don Údarás Pleanála comhairliúcháin réamh-pleanáil a thabhairt don iarratasóir

Ní glacann an Comhairle le h-iarratais i gcóir cruinnithe réamh-pleanáil muna bhfuil na caipeisí ata luaite thuas curtha san áireamh

Seolfaimid litir nó ríomhphost admhála leis an uimhir tagartha don réamh-pleanáil. Caithfear coinne amháin a úsáid i gcóir tógra amháin/iarratas.

Don rannán Theas agus Thuaidh de Comhairle Contae Chorcaí, cuir isteach le do thoil, do iarratais i gcóir coinne réamh-pleanáil (le gach sonra atá thuas-luaite san áireamh) go dtí an seoladh seo a leanas:

Coinní do clinici réamh-pleanáil

Fáiltiú na bPleanálaithe

An Rannóg Pleanála

Comhairle Contae Chorcaí

Bóthar Charraig Ruacháin

Corcaigh, T12 R2NC

Planninginfo@corkcoco.ie

021-4285957 nó 021-4285960

Don rannán Thiar de Comhairle Contae Chorcaí, cuir isteach le do thoil, do iarratais i gcóir coinne réamh-pleanáil (le gach sonra atá thuas-luaite san áireamh) go dtí an seoladh seo a leanas:

Rannóg fíorsrúcháin réamh-pleanáil

An Rannóg Pleanála

Comhairle Contae Chorcaí

Teach Norton

Bóthar Chorcaí

An Sciobairín

Co.Chorcaí, P81 AT28

westcorkplanninginfo@corkcoco.ie

028-40340

Cruinnithe : Is feidir le na bpleanálaithe cruinnithe eile a shocrú lasmuigh do na coinní réamh-pleanáil. Caithfear na cruinnithe seo a shocrú trí litir, ríomhphost nó glaoch guthán

Réamh Pleanáil trí glaoch guthán: Is féidir le na pleanálaithe glacadh le comhrá guthán faoi réamh pleanáil ma tá said san oifig ag an am agus iad saor le caint. Muna bhfuil an pleanálaí in ann caint ag an am togfáidh an foirne teachtaracht agus cuirfidh an pleanálaí glaoch thar n-ais comh luath agus is feidir leo. De gnath leis an pleanálaithe caint faoi abhair cosúil le roghnú an suíomh oiriúnach ar gabhaltas talún teaghlaigh nó ar suíomh le díol. Cuir ceistanna faoi criosú agus polasaí lonnaíochta an Comhairle chuig an foireann ar dtús ag na oifigí poiblí agus ansin tá seans ann go faightear comhairle faoin pleanálaí cuí